


Plean Teanga LPT Tuaisceart Dhún na nGall

(Ros Goill, Fánaid, An Tearmann, An Craoslach, Gleann Bhairr, Gleann Domhain)



Arna Scríobh ag:

Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall i gcomhar le

Colm Mac Fhionnghaile

Samhain 2018

Clár na nÁbhar

<i>Nóta ón Chathaoirleach</i>	5
Mír a 1 – Réamhrá ar an Phlean Teanga Seo	7
1.1 An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007	7
1.2 An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030	7
1.3 Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022	7
1.4 Acht na Gaeltachta 2012	8
1.5 English Summary of Mír a 1 – Background of this Language Plan	8
Mír a 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta, Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall	9
2.1 Sonraí na Ceanneagraíochta	9
2.2 Baill Choiste Stiúrtha Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall	9
2.3 Fís an Choiste	10
2.4 English Summary of Mír a 2 – LPT Head Organisation and Steering Committee	10
Mír a 3 – Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga	11
3.1 Ardú Feasachta an Phobail	11
3.2 English Summary of Mír a 3 – Insight into how this Language Plan was formed	13
Mír a 4 – Léargas ar Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall	14
4.1 Ceangail Bóithre agus Droichid an Limistéir Pleanála Teanga	14
4.2 Seirbhísí, Gnóthanna, Áiseanna, Fostaíocht agus eile an LPT	15
4.3 Toghranna an Cheantair	15
4.4 Daonra an Cheantair	18
4.5 Cainteoirí Laethúla Gaeilge an Limistéir Pleanála Teanga	18
4.6 Cúrsaí Oideachais sa Limistéar Pleanála Teanga	19
4.7 Tacaíochtaí Gaeilge an Limistéir Pleanála Teanga	20
4.8 English Summary of Mír a 4 – An Insight into the North Donegal Gaeltacht Language Planning Region	21
Mír 5 – Torthaí an Taighde	22
5.1 Réamhrá	22
5.2 Suirbhé na dTithe / General Household Survey	22
5.3 Suirbhé na mBunscoileanna / Primary School Survey	40
5.4 Suirbhé na nIarbunscoileanna / Post-Primary School Survey	50

5.5 Agallaimh Leath-Struchtúrtha	59
5.6 English Summary of Mír a 5– Research Results	60
Mír a 6 – Bearta an Phlean Teanga	61
6.1 Réamhrá	61
6.2 Struchtúr Feidhmithe an Phlean	62
6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)	65
6.4 Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochtaí teaghlaigh	72
6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d’Aoisghrúpaí Eile	76
6.6 Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais	78
6.7 An Earnáil Ghnó	79
6.8 Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn (lena n-áirítear seirbhísí eaglasta)	83
6.9 Na Meáin Chumarsáide	87
6.10 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire	89
6.11 Pleanáil & Forbairt Fhisiciúil	92
Mír a 7 – Costais agus Maoiniú	94
7.1 Suimiú na gCostas	94
7.2 Spás Forbartha sa Phlean Teanga i dtaobh Airgid, Foinsí Maoinithe srl	94
7.3 English Summary of Mír a 7 – Costings and Funding	96
Mír a 8 – Forbairt Feasachta agus Poiblíocht	97
8.1 Tábhacht na Feasachta / na Poiblíochta	97
8.2 Poiblíocht	97
8.3 English Summary of Mír a 8 – Publicity and Awareness Development	98
Mír a 9 – Feidhmiú agus Monatóireacht	99
9.1 Struchtúr Oibre an Choiste Stiúrtha & an Oifigigh Teanga	99
9.2 Amscála maidir le Feidhmiú na mBeart	99
9.3 English Summary of Mír a 9 – Implementation and Monitoring	99
Mír a 10 – English Summary of all Language Measures outlined in Mír a 6	101
Foinsí	109
Aguisín 1 – Suirbhé na dTithe	110

Aguisín 2 – Suirbhé na mBunscoileanna	155
Aguisín 3 – Suirbhé na nIarbhunscoileanna	186

Nóta ón Chathaoirleach

Ba mhaith le Cathaoirleach Choiste Stiúrtha Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall, thar cheann an choiste, a bhuíochas a ghabháil leo seo a leanas:

- Coiste Chéim Aniar a ghlac freagracht na Ceanneagraíochta orthu féin agus a shaothraigh go díograiseach chun ceann scríbe a bhaint amach.
- Baill Choiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall a rinne freastal ar na cruinnithe uilig le dhá bhliain anuas
- Na timirí a thug faoin obair dhúshlánach ag dul amach sa phobal le ceistneoirí a dháileadh agus a thógáil ar ais.
- Baill choistí áitiúla éagsúla an Limistéir Pleanála Teanga
- Na Bunscoltacha & a bPríomhoidí – Scoil Naomh Bríd, Na Dúnaibh, Scoil Cholmcille, Duibhleann Riach, Scoil Mhuire, An Chaiseal, Scoil Ghlasáin, Scoil an tSrátha Mhóir, Scoil Cholmcille, An Tearmann.
- Na Naíonraí & a Stiúrthóirí – Naíonra Fhánada, Naíonra na nDúnaibh, Naíonra Dhuibhleann Riach & Naíonra an Tearmainn
- Na daoine uilig a rinne freastal ar na cruinnithe poiblí, lucht gnó, coistí agus clubanna.
- Na Meáin Chumarsáide – Raidió na Gaeltachta, An Tirconail Tribune, Donegal News & Highland Radio
- An Eaglais – An tAthair Cathal Ó Beirne & an tAthair Pat McGarvey as an fhógraíocht i nuachtlitreacha na bparóistí
- An tAire Oideachais agus Scileanna, Seosamh Mac Aoidh, T.D. as an spreagadh agus an cuidiú uilig a thug sé.
- Údarás na Gaeltachta, go háirithe Séamus Ó Gallachóir, Bríd Ní Chualáin agus Anna Uí Dhochartaigh
- Na Meánscoltacha & a bPríomhoidí & a bhfoirne – Coláiste Loreto, Baile na nGallóglach; Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach; Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn; P.C.C., An Fál Carrach; An Clochar, Leitir Ceanainn; Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir
- Bearnaí Ó Gallachóir, Cathaoirleach Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as an chomhairle agus an cuidiú fial a thug sé dúinn.
- Leo sin nach í an Ghaeilge a gcéad teanga as a gcomhoibriú & a ndairíreacht i bhfreagairt cheisteanna an tsuirbhé.
- *A sincere word of thanks to those whose first language is not Irish for their support and co-operation in compiling this report. Your positive views expressed is a source of ongoing encouragement for us all.*

Ár gComhairleoir agus Taighdeoir

Ba mhór an dúshlán a cuireadh roimh phobal Limistéar Pleanála Teanga Thuaisceart Dhún na nGall le plean teanga a chur os comhair Údarás na Gaeltachta taobh istigh de dhá bhliain. Ach nuair a cheap muid ár gComhairleoir, Colm Mac Fhionnghaile, cheap muid duine a raibh réiteach na faidhbe ar a chumas. Chuaigh sé i ngleic leis an obair le dúthracht agus le díograis thar an choiteann agus tá muid lánsásta gur tugadh faoin taighde ar bhonn proifisiúnta agus go bhfuil plean cuimsitheach curtha i gceann a chéile aige agus ag an choiste, go sonrach do Limistéar Pleanála Teanga Thuaisceart Dhún na nGall.

Caoimhín Mac a Bháird,

Cathaoirleach Choiste Stiúrtha an L.P.T. Tuaisceart Dhún na nGall

Mír a 1 – Réamhrá ar an Phlean Teanga seo

Feictear anseo cur síos gairid ar chuid de na rudaí is tábhachtaí a tharla le 10 mbliana anuas i dtaobh na pleanála teanga sa tír.

1.1. An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007

Foilsíodh an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin, 2007) (SCT feasta) sa bhliain 2007. Rinneadh scagadh ar na ceantracha éagsúla Gaeltachta sa taighde mar seo a leanas:

- Limistéir Ghaeltachta Chatagóir A a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge
- Limistéir Ghaeltachta Chatagóir B a chuimsíonn na toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge
- Limistéir Ghaeltachta Chatagóir C a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge

Tá iomlán na dtoghrann i Limistéar Pleanála Teanga Thuaisceart Dhún na nGall ag teacht le catagóir C de chuid an SCT.

1.2. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030

Léirítear tábhacht na Gaeilge sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Deir an cháipéis go:

‘..mbaineann tábhacht faoi leith leis an nGaeilge do mhuintir, do shochaí agus do chultúr na hÉireann . . . is leis an tír seo amháin a bhaineann an Ghaeilge agus mar sin tá fíorthábhacht léi ó thaobh fhéiniúlacht mhuintir na hÉireann agus ó thaobh oidhreacht dhomhanda’ (2010: 5)

Leagadh síos straitéisí an Rialtais i leith na Gaeilge sa straitéis seo. Luadh aidhm an Rialtais chun ‘úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil’ (ibid., 3). Luadh go sonrach go bhfuil:

‘sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht’.

I measc na straitéisí a luaitear, léirítear go dtabharfar stádas reachtúil do na moltaí sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch trí Acht Gaeltachta nua, rud a dtáinig le hAcht na Gaeltachta 2012.

1.3. Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022 i samhradh na bliana 2018 mar chuid den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030. I measc phríomhchuspóirí an Phlean Gníomhaíochta luaitear creat níos comhtháite agus níos cuimsithí a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na straitéise dírithe ar ghníomhaíochta sonracha agus indéanta (Rialtas na hÉireann, 2018: 7), tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhúinéireacht, chófhreagracht agus chuntasacht ar fud an Rialtais agus eile i dtaca

leis an Straitéis, tuiscint agus ceangal níos fearr a chur chun cinn idir pleananna oibre gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha chomh maith le “ceannach-isteach” agus feasacht níos fearr a chothú ar fud an Rialtais agus sna páirtithe leasmhara lena mbaineann chun tacú leis an straitéis.

1.4. Acht na Gaeltachta 2012

Tugadh bonn reachtúil don phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht in Acht na Gaeltachta 2012. Sonraítear san Acht go mbronnfar stádas Gaeltachta ar chúinsí teangeolaíochta seachas ar chúinsí tíreolaíochta. Leagadh síos coinníollacha ins an Acht seo d’achan cheantar Gaeltachta plean teanga a réiteach ‘arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála (Rialtas na hÉireann, 2012: 13). Mura ndéantar amhlaidh, agus mura nglacfar leis, d’fhéadfadh an tAire ‘a dhearbhu le hordú nach limistéar Gaeltachta a thuilleadh an limistéar lena mbaineann’ (ibid.,15).

1.5. English Summary of Mír a 1 – Background of this Language Plan

This Language plan has been prepared as a result of government legislation which stipulates that Gaeltacht areas which wish to maintain Gaeltacht status must fulfil certain conditions. Therefore 26 designated Gaeltacht areas have each been charged with the responsibility of preparing a language plan. The Gaeltacht areas within Ros Goill, Fánaid, An Tearmann, An Craoslach, Gleann Bhairr and Gleann Domhain constitute the North Donegal LPT (Language Planning Area).

Mír a 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta, Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall

2.1. Sonraí na Ceanneagraíochta

Roghnaíodh Céim Aniar CTR mar cheanneagraíocht Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall i Samhain 2015. Is eagraíocht phobail í Céim Aniar CTR a bunaíodh sa bhliain 2001 leis an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn i Ros Goill. Tá an-mhórán bainte amach ag an eagraíocht in imeachtaí teangabhunaithe don óige agus do dhaoine fásta. Tá tuilleadh eolais faoi Chéim Aniar agus faoi na grúpaí pobail ar fad atá páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge sa LPT le fáil i Mír a 4.7: Tacaíochtaí Gaeilge sa LPT.

2.2. Baill Choiste Stiúrtha Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall

Tuigeadh ón tús go raibh ceantar iontach fairsing i gceist le LPT Tuaisceart Dhún na nGall, agus go raibh gá thar na bearta dá bharr le comhoibriú i measc na ngrúpaí pobail agus i measc na ngníomhairí teanga éagsúla ins na ceantracha ar fad a chuimsíonn LPT Tuaisceart Dhún na nGall. Chomh maith le baill reatha Chéim Aniar, cuimsíonn an Coiste Stiúrtha baill de ghrúpaí poiblí eile an cheantair, lena n-áirítear: Gaeltacht Bheo Fhánada, Pleanáil Teanga an Tearmainn, Coiste Gaelach Ghleann Domhain agus Coiste Forbartha Ghleann Bhairr. Chomh maith leis na grúpaí seo, tá baint mhór ag baill an Choiste Stiúrtha le heagraíochtaí pobail an cheantair, institiúidí oideachais an cheantair, cumainn spóirt an cheantair, gnónna an cheantair agus go leor eile nach iad.

Is é **Caoimhín Mac a' Bhaird** Cathaoirleach Choiste Stiúrtha Limistéar Pleanála Teanga Dhún na nGall. Is iar-múinteoir bunscoile, údar agus aisteoir é Caoimhín. Tá blianta de thaithí aige ag obair leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa LPT, Ros Goill ach go háirithe. Tá céim sa mhúinteoireacht aige agus bhí ról tábhachtach aige i mbunú an chomhlachta Céim Aniar CTR.

Tá **Micheál Ó Frighil** ina bhall de Ghaeltacht Bheo Fhánada. Is as Gort na Trá, Fánaid dó. Tá céim sa Ghaeilge agus sa Stair bainte amach aige ó Ollscoil na Éireann, Gaillimh, áit a bhain sé Diplóma Iarchéime san Oideachas amach chomh maith. Tá sé ag obair mar mhúinteoir. Is Oifigeach Cultúir agus Teanga Ghaeil Fhánada CLG é.

Ta **Máire Uá Cheallacháin** ag obair mar mhúinteoir bunscoile agus tá céim aici sa Ghaeilge ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach. Tá sí ina cónaí i Mín an Lábáin agus tá paistí s'aici ag freastal ar Scoil Náisiúnta an tSratha Mhóir. Tá sí ina ball de Choiste Gaelach Ghleann Domhain atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar.

Tá **Eimear Ní Mhathúna** ag obair mar bhainisteoir ar Theach Solais Fhánada ó 2015. Roimhe sin bhí sí mar stiúrthóir ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste. Tógadh i gCill Dara í cé gur as Fánaid a muintir. Tá céim sa Ghaeilge aici ó Ollscoil na hÉireann.

Is í **Treasa Bn Mhic Mhonghail** príomhoide S.N. an tSratha Mhóir i nGleann Domhain. Tá an scoil páirteach sa scéim aitheantais. Tá sí ag súil le naíonra a thógáil sa cheantar, ionad a bheidh áisiúil le ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, ranganna ceoil & damhsa Gaelach a mhúineadh agus go leor eile.

Tá **Peigi Ryder** ina ball de choiste Chéim Aniar le deich mbliana. Tá céim san eolaíocht aici ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus MA in Aistriúchán Gaeilge ó Ollscoil na Banríona. D'oibrigh sí mar mhúinteoir, mar Oifigeach Forbartha Pobail agus mar aistritheoir.

Sonraítear thíos baill eile ghníomhacha a d'fhreastail ar chruinnithe an Choiste Stiúrtha agus a chuir go mór le hobair an Choiste Stiúrtha. Ní bheadh sé indéanta an Plean Teanga seo a ullmhú in éagmais na ndaoine seo ar fad, agus gabhann an cathaoirleach buíochas thar ceann an phobail leo;

Seán Ó Dorraidhín, Pól Ó Gallachóir, Eoghan Ó Treartaigh, Bríd Ní Chualáin, Seamus Ó Gallachóir, Aoife Ní Churraoin, Áine Uí Dhochartaigh, Áine Ní Chuinn, Aodh Mac Laifeartaigh, Bríd Ní Shírín, Póilín Uí Ghallachóir, Aoife Nic Con Iomaire, Seán Rua Mac Giolla Bhríde, Peigí Ryder, Aoife Nic Giolla Bháin, Emer Ní Fhrighil, Caitlín Ní Bhaoill, Pádraig Ó Gallachóir, Áine Ní Fhíoruisce, Dónall Mac Eiteagáin.

Ceapadh **Colm Mac Fhionnghaile** mar Chomhairleoir Teanga LPT Tuaisceart Dhún na nGall i mí na Samhna 2017. Is as Baile Mhícheáil, Fánaid dó. Tá céim agus MA sa Ghaeilge bainte amach aige ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá sé ag obair mar mhúinteoir Gaeilge.

2.3. Fís an Choiste

Is í an fhís atá ag Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall, trí bheith ag obair go dlúth le pobal an LPT, agus go háirithe leis an aos óg;

- *go n-ardófar líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge sa LPT 2-3% le linn saolré an Phlean Teanga seo*
- *go mbeidh an Ghaeilge níos láidre mar theanga pobail sa LPT*
- *go mbeidh pobal an LPT ar fad níos coinsiasaí faoina roghanna teanga sa bhaile agus sa chomharsanacht d'fhonn níos mó deiseanna a thapú an Ghaeilge a úsáid sna réimsí ar fad atá ar fáil i LPT Tuaisceart Dhún na nGall*

2.4. English Summary of Mír a 2 – LPA Head Organisation and Steering Committee

Preparation of Language Plan

Céim Aniar CTR. was selected as the lead organisation for the preparation of the language plan in the North Donegal LPA (Language planning area) in 2015. Several language activists within the LPA played a key role in the preparation of this language plan.

Mír a 3 – Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga

3.1. Ardú Feasachta an Phobail

Cuireadh béim ar thábhacht an pobal a chur ar an eolas faoi obair an Choiste Stiúrtha agus faoin tábhacht a bhaineann leis an phleanáil teanga i gcoitinne. Creideadh go raibh tábhacht thar na bearta leis an obair seo ar mhaithe leis na nithe seo a leanas:

- Daoine ón phobal a chur ar an eolas faoin ghéarchéim teanga sa cheantar
- Daoine ón phobal a chur ag smaointiú faoin fheasacht teanga agus faoin chleachtas teanga
- Le cinntiú go bhfuil an pobal páirteach ag achan chéim den phróiseas

Chuirge seo, cuireadh scéalta go rialta i bhfógraí an Aifrinn agus cinneadh cruinniú a thionól le tuismitheoirí an LPT. Cuireadh fógra i gceann de pháipéir áitiúla an cheantair, *The Tirchonail Tribune*, chuaigh baill áirithe den Choiste Stiúrtha i dteagmháil le stáisiúin raidió áitiúla an cheantair (*Highland Radio & Raidió na Gaeltachta*), cruthaíodh leathanach Facebook do chúrsaí pleanála teanga an cheantair, “LPT Thuaisceart Dhún na nGall”, agus cuireadh scéalta go rialta ar leathanaigh meán sóisialta eile a bhaineann le cúrsaí Gaeilge an cheantair – Gaeltacht Bheo Fhánada, Pleanáil Teanga an Tearmainn, Céim Aniar. Cuireadh scéala chuig na scoileanna sa cheantar go luath sa phróiseas fosta.

Maidir le brandáil an Choiste Stiúrtha, rinneadh an cinneadh ag cruinniú de chuid an Choiste Stiúrtha gur chóir íomhá de Dhroichead Harry Blaney, atá mar cheangal idir leithinis Ros Goill agus leithinis Fhánada, a úsáid mar íomhá shiombalach an Choiste Stiúrtha. Cuireadh íomhá an droichid ar Shuirbhé na dTithe a scaipeadh ar thithe an cheantair, agus ar leathanach Facebook ‘LPT Thuaisceart Dhún na nGall’.

Tá cuid de mhíreanna bhail an choiste a craoladh ar stáisiúin raidió éagsúla ar fáil ar líne. Sonraítear cuid de na míreanna raidió thíos:

- Colm Mac Fhionnghaile, Barrscéalta 8 Nollaig 2017
- Colm Mac Fhionnghaile & Aodh Mac Laifeartaigh, Barrscéalta 10 Aibreán 2018
- Colm Mac Fhionnghaile, Barrscéalta 5 Samhain 2018
- Colm Mac Fhionnghaile, Ruaille Buaille 6 Samhain 2018

Reáchtáladh an craobh náisiúnta de Chomórtas Peile na Gaeltachta sna Dúnaibh le linn deireadh seachtaine saoire bainc Mí an Mheithimh 2018. Tapaíodh an deis le linn an chomórtais, agus aird an phobail mhóir ar an fhéile, fógraí a chur in airde agus comórtais a reáchtáil do pháistí bunscoile an LPT. Ritheadh comórtas peile na mbunscoileanna le linn na seachtaine, agus chuaigh an dá fhoireann is fearr ‘un páirce le linn leath ama an chluiche cheannais shinsirigh Dé Luain, 4 Meitheamh 2018. Chomh maith le sin, ritheadh comórtas ealaíne sna bunscoileanna agus bhí cuid de shaothair na bpáistí ar taispeáint i halla mór chlubtheach CLG na nDúnaibh ar feadh an deireadh seachtaine.




Figiúr 3.1.1: Sampla d'fhógraí LPT Tuaisceart Dhún na nGall le linn Chomórtas Peile na Gaeltachta, 2018

An Ghaeltacht Thuaidh The North Donegal Gaeltacht

Ros Goill - Fánaid - Gleann Bhairr - An Tearmann

Tabharaigí aire ! Take note !




Mar atá anois (As is) Mar a bheas ? (The Future?)

- Tá an Ghaeilge ag meath agus i mbéal a' bháis sa Ghaeltacht Thuaidh.
The Irish language is in demise and dying in the Northern Gaeltacht regions .
- An mbeidh cuimhne orainne mar ghlún daoine a thug buille an bháis don tseod is luachmhara i gcoróin ár gcultúr?
Will we be remembered as the generation who delivered the mortal blow to the most valuable jewel in the crown of our culture?
- An féidir linn ligean do seo tarlú?
Can we let this happen?

Tá deis amháin eile tugtha dúinn le scéal na teanga a fheabhsú.
Ach tá sé ag brath ORTSA.

We have been given one more chance to improve the plight of our language.
But it depends on YOU.

Limistéir Pleanála Teanga Thuaisceart Dhún na nGall.
(North Donegal Language Planning Area)

- Céard is pleanáil teanga ann?
Plean don Ghaeilge a láidriú agus a chuideodh le daoine Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt.
What is language planning?
A plan to strengthen the language and to help people to learn and speak it.
- Cad é mar a bheas an plean aontaithe leis an phobal?
Beidh ceistiúchán a dháileadh ar an phobal, beidh cruinnithe le grúpaí pobail, lucht gnó, eagraíochtaí pobail, scoileanna agus tuismitheoirí páistí scoile agus lucht sulme na Gaeilge.
How will the language plan be agreed with the community?
There will be a series of meetings with community groups and organisations, businesses, schools, parents of school going children and interested members of the community.

- Limistéir pleanála teanga nach gcuireann plean le chéile agus nach gcuireann an plean sin i bhfeidhm, ní aithneofar é mar cheantar Gaeltachta a thuilleadh.
A language planning area that does not devise a plan and does not implement that plan will no longer be considered a Gaeltacht area.

Buntaistí a bhaineann leis an teanga:
Réinúlacht agus mórtas cine.
Éascaíocht teangacha eile a fhoghlaim.
Deiseanna fostaíochta

Benefits accruing from the language:
Sense of identity and pride in one's culture.
Facilitates the learning of another language.
Enhances employment opportunities.

Figiúr 3.1.2: Sampla d'fhógra ón Cheanneagraíocht, Céim Aniar, chuig na meáin chlóite áitiúla, Samhain 2016


3.2. English Summary of Mír a 3 – Insight into how this Language Plan was Formed

Preparation of Language Plan

A public awareness campaign was undertaken to highlight the current status of the Irish language in the area, and several interviews were given on local and national radio, along with notices placed in local newspapers and in the community.

Mír a 4 – Léargas ar Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall

4.1. Ósradharc ar an Limistéar Pleanála Teanga



Figiúr 4.1.1: Mapa an Limistéir Pleanála Teanga

Is ceantar an-fhairsing agus scaipthe é Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall. Tá baile fearainn Bhun na Toinne, i dtoghroinn cheantair Chnoc Cholbha, ar imeall thoir an limistéir. Is é Earra Thír na Binne – i dtoghroinn cheantair Fhánaid Thuaidh – an baile fearainn is faide ó thuaidh. Is é Doire Chasáin – i dtoghroinn cheantair Ros Goill – an baile fearainn is faide thiar ar an chósta. Ó thoghroinn cheantair Ros Goill tá ceantracha an Chraoslaigh, an Tearmainn agus Ghleann Domhain de réir mar a théitear ó dheas. Is é Na Polláin Dhubha – i dtoghroinn cheantair Mhín an Lábáin – an baile fearainn is faide ó dheas sa limistéar. Is é Cnoc an Stualaire – i dtoghroinn cheantair Mhín an Lábáin arís – an baile fearainn is faide thiar sa limistéar. Tá tuairim agus 50 ciliméadar idir an pointe is faide thoir, Bun na Toinne, go dtíge an pointe is faide siar, Cnoc an Stualaire. Tá tuairim agus 60 ciliméadar ón pointe is faide ó thuaidh, Earra Thír na Binne, go dtíge an pointe is faide ó dheas, Na Polláin Dhubha.

Tá ceantracha Gaeltachta uile an Limistéir ar bhruach na Galltachta. Is fíor seo go háirithe i gcás ceantair Ghleann Bhairr, ceantar an Chraoslaigh, ceantar an Tearmainn agus ceantar Ghleann Domhain, agus tá tionchar an méid sin le feiceáil ar ghnásanna teanga na gceantracha, mar a fheictear i Mír a 5 – Taighde. Tá bóthar an R268 ag nascadh ceantar Ghleann Bhairr le ceantar Fhánada, fríd Ghalltacht Phort an tSalainn. Tá Droichead Harry Blaney ag ceangal leithinis Fhánada agus leithinis Ros Goill, rud go bunúsach a cheanglaíonn Gaeltacht Fhánada, Gaeltacht Ros Goill agus Charraig Airt, ach tá bearna Ghalltachta eatarthu. Tá an R245 ag ceangal ceantar Charraig Airt le ceantar an Chraoslaigh. Ón pointe sin téann bóthar náisiúnta den dara grád, an N56, soir ó dheas

fríd an Tearmann i dtreo Leitir Ceanainn. Tá bóthar eile, an R251, a shíneann ó dheas ón N56 i dtreo cheantar Mhín an Lábáin.

4.2. Seirbhísí, Gnóthanna, Áiseanna, Fostaíocht agus eile an LPT

Mar aon le go leor ceantracha Gaeltachta ar an chósta, Tá LPT Tuaisceart Dhún na nGall faoi bhrú de shíor ag “bánú na tuaithe”. Tá go leor seirbhísí ag druidim nó ar tí á ndruidte i láthair na huair. Tá na hoifigí poist tuaithe ach go háirithe i mbaol á ndruidte, chomh maith le gnónna eile. Mar sin féin, is ceantar mór turasóireachta cuid den LPT, ceantar Charraig Airt agus Ros Goill ach go háirithe, agus tá áiseanna agus suíomhanna turasóireachta den scoth sa cheantar, ar nós Teach Solais Fhánada, tránna Ros Goill, tithe tábhairne an cheantair agus eile. Tá cuid mhaith den LPT ar Shlí an Atlantaigh Fhiain, rud a chuireann le cúrsaí turasóireachta sna ceantracha ar an tSlí. Tá go leor tithe saoire agus páirceanna carbháin chomh maith le cúpla óstán sa LPT.

Maidir le cúrsaí fostaíochta, is é Comhlacht Iascaireachta Fhánada Teoranta (*Marine Harvest Ireland*) an fostóir is mó sa LPT agus tá tuairim is 150 fostaí leis an chomhlacht seo ag an mhonarcha éisc sa Rinn Mhór, Fánaid Thuaidh.

Tá go leor cumann spóirt sa cheantar ar nós CLG an Tearmainn, CLG Gaeil Fhánada agus CLG na Dúnaibh chomh maith le go leor foirne sacair, cumann gailf agus eile.

Tá clú agus cáil ar Aisteoirí Mhíobhaigh na nDúnaibh ó 2004 i leith mar gheall ar an ard-chaighdeán drámaíochta a léiríonn siad. Éiríonn leo mórán duaiseanna drámaíochta a bhaint amach ag leibhéal cúige agus go náisiúnta. Ó thaobh na pleanála teanga de tá deis iontach ag pobal an cheantair saibhreas teanga agus feith an ghrinn i gcaint na ndaoine a chluinstin go poiblí agus sult agus pléisiúr a bhaint as. Glacann a lán daoine óga páirt i ndrámaí Aisteoirí Mhíobhaigh trí imeachtaí i ndiaidh am scoile a réachtálann Céim Aniar. Seo seift maith chun an Ghaeilge a normalú i measc óige Ros Goill.

4.3. Toghranna an Cheantair

Cuimsíonn Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall codanna de thoghraínn cheantair go leor áiteanna éagsúla. Seo a leanas na toghranna & na bailte fearainn sa cheantair:

- 1) Toghroinn cheantair Ros Goill ina hiomlán

- 2) Toghroinn cheantair Chaisleán na dTuath:

Doire Fada	Droim na Coilleadh	Droim Míasan
------------	--------------------	--------------

Figiúr 4.3.1 : Bailte Fearainn Chaisleán na dTuath sa Limistéar Pleanála Teanga

- 3) Toghroinn cheantair Charraig Airt:

Carraig Airt	Gleann Cheo	Gort na Brád
Droim Righin		

Figiúr 4.3.2 : Bailte Fearainn Charraig Airt sa Limistéar Pleanála Teanga

- 4) Toghroinn cheantair Na Ceathrú Caoile: Na Mínte

- 5) Toghroinn cheantair Chnoc Colbha:

Bun na Toinne	An Cheathrú Riabhach	An Leargain Bhreac
Na Mínte Móra	Tír Leadáin	

Figiúr 4.3.3 : Bailte Fearainn Chnoc Colbha sa Limistéar Pleanála Teanga

- 6) Toghroinn cheantair an Chraoslaigh:

Crónaire	Droim na Coradh	Droim Liafala
Droim na Rátha		

Figiúr 4.3.4 : Bailte Fearainn an Chraoslaigh sa Limistéar Pleanála Teanga

7) Toghroinn cheantair Chreamhghoirt:

An Charraig	Droim Mhic an Leadra	Duibhleann Mór
Duibhleann Riach	Tulach	

Figiúr 4.3.5 : Bailte Fearainn Chreamhghoirt sa Limistéar Pleanála Teanga

8) Toghroinn cheantair Chríoch na Sméar:

An Ghlaic	Glasán
-----------	--------

Figiúr 4.3.6 : Bailte Fearainn Chríoch na Sméar sa Limistéar Pleanála Teanga

9) Toghroinn cheantair Ghrianfoirt:

Cionn Droma	Cúl Baic
-------------	----------

Figiúr 4.3.7 : Bailte Fearainn Ghrianfoirt sa Limistéar Pleanála Teanga

10) Toghroinn cheantair Fhánaid Thiar:

Baile Uí Fhuaruisce	An Caiseal	Dumhaigh Mhór
Fál Aonaosa	An Glaidhb	Gort na Trá
An Seisíoch	Tulaigh Chonaill	Oileáin i mBá na Maoile Rua

Figiúr 4.3.8 : Bailte Fearainn Fhánaid Thiar sa Limistéar Pleanála Teanga

11) Toghroinn cheantair Fhánaid Thuaidh:

Baile an Chnoic	Baile na Brocaí	Baile na Loiste
Baile Mhicheáil	Baile Thiarnáin	Baile Thiarnáin
An Baile Úr	Cionn an Locha	Cúl an Doire
Dumhaigh Bhig	Earra Thíre na Binne	Fán an Bhualtaigh
Machaire Dromann	Machaire Leacht	An Mhoirinn
Pollaid	An Rinn Bhuí	An Rinn Mhór
Seanach Dubh	Sliabh Chúl an Doire	Tuaim
Tulaigh na Dála	Ocht n-oileáin bheaga amach ón chósta	

Figiúr 4.3.9 : Bailte Fearainn Fhánaid Thuaidh sa Limistéar Pleanála Teanga

12) Toghroinn cheantair Loch Caol: An Ghabhail

13) Toghroinn cheantair an Tearmainn:

Baile Bun an Abair	An Bearnas Íochtarach	An Bearnas Uachtarach
An Curraoin	Droim Díomhaoin	Droim Eochaille
Na Fánaibh	An Srath Greadaithe	

Figiúr 4.3.10 : Bailte Fearainn an Tearmainn sa Limistéar Pleanála Teanga

14) Toghroinn cheantair Ghartáin:

Ailt na dTadhg	Sliabh na Cloigne Thuaidh
----------------	---------------------------

Figiúr 4.3.11 : Bailte Fearainn Ghartáin sa Limistéar Pleanála Teanga

15) Toghroinn cheantair Mhín an Lábáin:

Ard an Chrainn	Baile an Scáile	Carraig an Tiompáin
Cnoc an Stualaire	Corr na gCuileann	Loch Beara nó An Cruaichín
Droim na bhFuath	Droim Salach	Droim na Serrach
Glenn Domhain Beag	Ionascail	Mín an Ghainimh

Na Polláin Dhubha	An Srath Mór	An Srath Mór Uachtarach
-------------------	--------------	-------------------------

Figiúr 4.3.12 : Bailte Fearainn Mhín an Lábáin sa Limistéar Pleanála Teanga

4.4. Daonra an Cheantair

4.4.1. Réamhrá

Is fiú léargas a thabhairt ar dhaonra an Limistéir Pleanála Teanga. Dalta go leor ceantracha Gaeltachta eile ar chósta Iarthar na tíre, tá an eisimirce ina fadhb leanúnach i mbeagnach achan cheantar faoi thrácht sa limistéir pleanála teanga. Tá cúpla sráidbhaile / baile sa cheantar, agus cúpla ceann eile atá in aice an limistéir, agus is ins na háiteacha sin don chuid is mó atá pobal an limistéir ag cur fúthu. Tá staitisticí daonra an limistéir pleanála teanga ón Phríomh-Oifig Staidrimh le feiceáil thíos:

	CSO 2016	CSO 2011	Athrú Cúig Bliana	Athrú mar Chéatadán
Daonra an LPT	2818	2991	-173	-5.78
Daonra an LPT (3 bl+)	2716	2884	-168	-5.83

Figiúr 4.4.1.1 : Staitisticí Dhaonra an LPT ó Dhaonáireamh 2016 & 2011

4.4.2. Proifíl Aoise an Limistéir Pleanála Teanga

D'éisigh an Príomh-Oifig Staidrimh staitisticí maidir le proifíl aoise an Limistéir Pleanála Teanga ó Dhaonáireamh na bliana 2016. Tá cuid de na sonraí sin le feiceáil thíos:

Aoisghrúpa	Fir	Bain	Iomlán	Céatadán
0 – 3	68	66	134	4.8%
4 – 9	105	129	234	8.3%
10 – 14	101	99	200	7.1%
15 – 19	90	78	168	6%
20 – 39	278	275	553	19.6%
40 – 59	394	360	754	26.7%
60 – 79	343	304	647	23%
80+	64	64	128	4.5%
Iomlán	1,443	1,375	2,818	100.0%

Figiúr 4.4.2.1 : Proifíl Aoise an Limistéir Pleanála Teanga

4.5. Cainteoirí Laethúla Gaeilge¹ an Limistéir Pleanála Teanga

Mar a luadh i Mír a 1, tá achan cheantar Gaeltachta de chuid an Limistéir Pleanála Teanga seo ag titim isteach i gCatagóir C de chuid an SCT, sé sin go bhfuil cainteoirí laethúla Gaeilge faoi bhun 44%

¹ Cainteoirí Laethúla Gaeilge lasmuigh den Chóras Oideachais

den phobal in achan Ghaeltacht sa cheantar. Léirítear staitisticí na gCainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG feasta) thíos:

	CSO 2016	CSO 2011	% den daonra 3bl + CSO 2016	% den daonra 3bl+ CSO 2011	Athrú CLG in imeacht cúig bliana mar %
CLG taobh amuigh den chóras oideachais	246	340	9.06%	11.79%	-27.65%
CLG taobh istigh den chóras oideachais amháin	386	402	14.2%	13.9%	-4%
Daoine le cumas labhartha Gaeilge	1667	1800	61.38%	62.41%	-1%

Figiúr 4.5.1 : Staitisticí Dhaonra an LPT ó Dhaonáirimh 2016 & 2011

4.6. Cúrsaí Oideachais sa Limistéar Pleanála Teanga

4.6.1. Scoileanna an Cheantair

Tá seacht mbunscoil Gaeltachta luaite leis an Limistéar Pleanála Teanga seo, seisear a léirigh spéis go dáta sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Sonraítear na seacht scoil Ghaeltachta thíos:

Ainm na Scoile	Suíomh na Scoile	Toghroinn Cheantair	Líon daltaí sa scoil*
Scoil Náisiúnta Ghlasáin	An Craoslach	An Craoslach	44
Scoil Náisiúnta Mhuire	Caiseal	Fánaid Thiar	62
Scoil Náisiúnta Cholmcille	Duibhleann Riach	Creamhghort	48
Scoil Náisiúnta an tSratha Mhóir	Gleann Domhain	Mín an Lábáin	96
Scoil Náisiúnta Cholmcille	An Curraoin	An Tearmann	134
Scoil Náisiúnta Naomh Bríd	Na Dúnaibh	Ros Goill	83
Scoil Náisiúnta Dumhach Beag	Dumhach Beag	Fánaid Thuaidh	11
		Iomlán:	478

Figiúr 4.6.1.1 : Bunscoileanna Gaeltachta sa Limistéar Pleanála Teanga

(*education.ie, Scoilbhliain 2017 - 2018)

4.6.2. Naíonraí an Cheantair

Tá sé naíonra – lena n-áirítear ceithre naíonra faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta – le sonrú sa Limistéar Pleanála Teanga. Sonraítear na sé naíonra thíos:

Ainm na Scoile	Suíomh na Scoile	Toghroinn Cheantair	Líon páistí ar an rolla (2018 – 2019)
Naíonra Fhánada	Baile Láir	Fánaid Thuaidh	12

Naíonra Dhuibhlinn Riach	Duibhleann Riach	Creamhghort	22
Naíonra na nDúnaibh	Na Dúnaibh	Ros Goill	15
Naíonra an Tearmainn (1)	An Curraoin	Tearmann	19
Naíonra an Tearmainn (2)	An Curraoin	Tearmann	22
Naíonra Charraig Airt	Tír Lochán	Carraig Airt	26
		Iomlán:	68

Figiúr 4.6.2.1 : Naíonraí Gaeltachta sa Limistéar Pleanála Teanga

Tá Coláiste Ros Goill, scoil samhraidh i nDoire Chasáin i dtoghroinn cheantair Ros Goill, a mbíonn ag freastal ar fhoghlaimoirí fásta an Tuaiscirt le linn an tsamhraidh. Fosclaíodh an coláiste athuir sa bhliain 1983, agus sa bhliain 2018 bhí thart ar 65 foghlaimoir fásta ag freastal ar an scoil i mí Iúil. Bhíodh coláiste Gaeilge eile ag feidhmiú i gceantar Ghleann Bhairr, Coláiste Loch Súilí, ach druideadh an coláiste traidhfil blianta ó shin agus tá an t-ionad ag feidhmiú mar ionad cúram lae agus mar ionad pobail do mhuintir Ghleann Bhairr san am i láthair.

4.6.3. Polasaí don Oideachais Gaeltachta 2017-2022

Mar a luadh thuas, chuir sé bhunscoil sa LPT iarratas isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ag lorg aitheantais mar scoileanna Gaeltachta. Mar chuid den phróiseas seo, scríobh achan scoil plean gníomhaíochta maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil, chuaigh go hiomlán leis an tumoideachas ag leibhéal na naíonán agus eile. Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna an t-aitheantas sin dóibh. I measc na dtacaíochtaí sa bhreis atá sna scoileanna anois tá cúntóirí teanga in achan bhunscoil le haitheantas Gaeltachta, tá ciste airgid sa bhreis ar fáil maidir le hacmhainní Gaeilge a cheannach, agus bheifí ag súil go leanfaidh le tacaíochtaí don scéim thábhachtach seo le linn saolré an Phlean Teanga agus ní b'fhaide chun tosaigh amach anseo.

4.7. Tacaíochtaí Gaeilge sa LPT

Tá grúpaí pobail bunaithe i gcuid mhór de cheantracha an LPT cheana féin. Feictear sa mhír seo le cuid de na grúpaí sin a shonrú.

4.7.1. Céim Aniar CTR

Ag tús an chéid seo thug gníomhaithe teanga agus roinnt tuismitheoirí i leithinis Ros Goill faoi deara go raibh meath tubaisteach ag teacht ar úsáid na Gaeilge ina gceantar mar gheall ar roinnt cúiseanna – ráta ard imirce, lánúineacha ó chúlraí éagsúla teanga ag cur fúthu sa cheantar, ról imeallaithe na Gaeilge sa chóras oideachais chomh maith le brú ó phobal mhórtheanga an Bhéarla. Cheadaigh Údarás na Gaeltachta deontas dóibh tabhairt faoi shuirbhé teanga ina bpobal. Ag eascairt as an tátal seo cheadaigh an tÚdarás deontas le hoifigeach teanga páirtaimseartha a fhostú agus chuaigh an duine sin i mbun oibre in Eanáir 2002 [Údarás na Gaeltachta, 2018]. Cuireann Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil do Chéim Aniar CTR faoi Scéim na gComharchumann. I láthair na huaire, tá beirt fhostaithe ag an ghrúpa pobail, riarthóir & oifigeach ealaíne. Cuireann Céim Aniar an-mhórán rudaí ar fáil do phobal Ros Goill agus na ceantracha máguaird, lena n-áirítear:

- Cuidiú le hAifreann Gaeilge achan seachtain sna Dúnaibh
- Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí
- Ranganna Gaeilge do dhéagóirí
- Ionad Seirbhísí Teanga á riaradh ina gcuirtear cúrsaí grádaithe Gaeilge (TEG) ar fáil
- Imeachtaí i ndiaidh am scoile

- Iris mhíosúil le scéalta agus seanchas an cheantair, “Guth Goill”
- Ranganna ceoil uirlise
- Campaí samhraidh do pháistí bunscoile faoi scáth Mhuintearais
- Drámaíocht d’óg agus aosta
- Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge
- Oícheanta Sóisialta
- Club amhránaíochta Ros Goill
- Seoladh Leabhar

4.7.2. Gaeltacht Bheo Fhánada

Bunaíodh Gaeltacht Bheo Fhánada sa bhliain 2006. Is í an aidhm atá ag an eagraíocht dheonach seo nó an Ghaeilge agus Gaeltacht Fhánada a chaomhnú agus a athbheochaint. Faoi láthair tá ionadaíocht ar an choiste ó ghnónna éagsúla sa cheantar, chomh maith le scoileanna an cheantair agus grúpaí pobail eile. Cuireann GBF an-mhórán ar siúl sa cheantar, lena n-áirítear:

- Cuidiú le hAifreann Gaeilge achan mhí i bhFánaid
- Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus do dhaltaí scoile
- Ionad Seirbhísí Teanga á riaradh ina gcuirtear cúrsaí grádaithe Gaeilge (TEG) ar fáil
- Ranganna ceoil uirlise
- Oícheanta Sóisialta
- Seoladh Leabhar
- Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge sna scoileanna

4.7.3. An Craoibhín, An Tearmann

Is eagraíocht phobail í An Craoibhín, atá ag freastal ar phobal an Tearmainn agus ar an mhórcheantar máguaird. Tá scoith na n-áiseanna ar fáil san fhoirgneamh, agus i measc na rudaí a chuirtear ar fáil ann tá ranganna Gaeilge don mhórfhobal. Tá Ionad Seirbhísí Teanga á riaradh ag Comhlacht Forbartha an Tearmainn CTR ina gcuirtear cúrsaí grádaithe Gaeilge (TEG) ar fáil. Gheofar tuilleadh eolais ag: www.craoibhintermon.ie.

4.8. English Summary of Mír a 4 – An Insight into the North Donegal Gaeltacht Language Planning Region

This chapter gives a brief description of the LPT area. One of the main difficulties of language planning in the area is the vast area covered within the one LPT. A breakdown is also given of all current supports in the area, which include seven Irish Language national schools, six playschools (four of which are all-Irish), and several existing language organisations, among them Céim Aniar in Ros Goill and Gaeltacht Bheo Fhánada in Fánaid. This chapter also gives a brief overview of the current Irish language status in the area, along with other data collected from the latest census information available regarding population statistics in general.

Mír a 5 – Torthaí an Taighde

5.1. Réamhrá

Cuirtear i láthair sa mhír seo torthaí an taighde ar tugadh faoi mar chuid d’ullmhú an phlean teanga. Mar a luadh in Mír a 3.1 – Ardú Feasachta an Phobail, mheas an Choiste Stiúrtha go raibh tábhacht faoi leith i gceist leis an méid eolais agus tuairimí agus ab fhéidir a bhailiú sa LPT. Ar an ábhar sin, tugadh faoi thaighde cainníochtúil sa cheantar. Glacadh an cinneadh seo mar go bhfacthas don choiste go raibh buntáistí faoi leith ag baint le cur chuige cainníochtúil leis an méid is mó tuairimí a bhailiú in achar measartha gearr ama. Ar an ábhar sin, cinneadh ceistneoir a dhear Údarás na Gaeltachta i gcomhar le roinnt Ceanneagraíochtaí agus Coistí Pleanála Teanga i nGaeltacht Thír Chonaill sa bhliain 2015 agus a bhí in úsáid in LPT eile a úsáid. Níor iarradh sonraí pearsanta an phobail agus d’fhág sin gur líonadh na ceistneoirí go hanaithnid. Measadh go mbeadh deis ag an phobal a gcuid tuairimí a chur in iúl go hionraic ar an bhonn seo, agus theastaigh ón Choiste Stiúrtha go mbeadh léargas réadúil ar fáil i gcónaí ar chúlra teanga, ar chumas teanga, ar chleachtas teanga agus ar dhearccháil teanga an LPT.

Mar chuid den phróiseas taighde seo, díróidh ar thrí ghrúpa ar leith de chuid an LPT. Scaipeadh Ceistneoir na dTithe (tuilleadh eolais a Mír 5.2 – Suirbhé na dTithe) ar achan teach sa cheantar. Scaipeadh Ceistneoir na mBunscoileanna (tuilleadh eolais Mír a 5.3 – Suirbhé na mBunscoileanna) ar na sé bhunscoil Gaeltachta sa cheantar, a liostáladh i Mír a 4.6.1. Scaipeadh Ceistneoir na nIarbunscoileanna ar dhaltáí meánscoile an LPT (tuilleadh eolais Mír a 5.4. – Suirbhé na nIarbunscoileanna). Scaipeadh an ceistneoir seo ar scoileanna dara leibhéal éagsúla – níl aon cheann acu suite sa LPT – ach a bhfuil daltaí an LPT ag freastal orthu.

Feictear sa mhír seo cuid de na torthaí is suntasaí a bhaineann le cúlra teanga, cumas teanga, cleachtas teanga agus dearccháil teanga na ngrúpaí éagsúla a scagadh, d’fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na gnéithe siúd i measc phobal an LPT.

5.2. Suirbhé na dTithe / General Household Survey

Sular tugadh faoi Shuirbhé na dTithe, socraíodh gur chóir an mórphobal a chur ar an eolas maidir leis an chéim seo, agus maidir leis an tábhacht a bhain le ceisteanna an tsuirbhé a fhreagairt go hionraic. Mar gheall ar fhairsingeacht an cheantair, socraíodh gur bhí iad na coistí áitiúla an dream is fearr leis an eolas seo a scaipeadh. Shocraigh coistí áitiúla ar mhodhanna éagsúla leis an eolas seo a scaipeadh. I ndiaidh na tréimhse seo, socraíodh gur bhí é chur chuige ‘peann agus páipéar’ an bealach ab éifeachtaí leis na ceistneoirí a dháileadh agus a bhailiú sa cheantar. Socraíodh fosta gur chóir deis a thabhairt d’achan duine thar 18 mbliana an tsuirbhé a líonadh. Cuireadh c.2,000 ceistneoir i gcló san iomlán. Scaipeadh Suirbhé na dTithe ar achan teach sa cheantar go luath in 2017. D’fhreastail timirí áitiúla ar achan cheantar de chuid an LPT. Bailíodh 1,155 suirbhé san iomlán, as ar scaipeadh i measc an phobail sa cheantar. Ar an iomlán léiríodh freagraí maithe machnamhacha sa suirbhé, rud a chuaigh chun sochair go mór don phlean teanga seo agus tá an Coiste Stiúrtha iontach buíoch den phobal as seo. Nuair a bailíodh na ceistneoirí ar fad le chéile, chuir cathaoirleach an Choiste Stiúrtha ar líne iad ag baint úsáid as an suíomh *SurveyMonkey*. Bhí cuid saineolais Andy Chaomhánaigh in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge iontach tábhachtach sa phróiseas seo as an chomhairle a chuir sé ar fáil maidir le hiontráil na dtorthaí. Níl taighde ar bith saor ó chlaontaí áirithe, dar ndóigh, ach rinneadh achan iarracht na claontaí seo a sheachaint an méid agus ab fhéidir. Cuireadh comhairle ar na timirí sula ndeachaigh siad i mbun na hoibre. Sin ráite, luíonn sé le ciall gur bhí é an duine ba shine sa teach bunús an ama a líonadh na ceistneoirí, agus seans gur fhág sin claonadh áirithe sna torthaí.


Cuirfear torthaí iomlána an cheistneora sin i láthair in Aguisín 1, ach díreofar anseo ar chuid de na torthaí ba thábhachtaí a baineadh as an suirbhé i dtaca leis an phlean teanga seo. Rinneadh na torthaí ba thábhachtaí a scagadh i gceithre chuid:

- a) Cúlra Tíreolaíoch agus Áit Dhúchais (Mír 5.2.1)
- b) Aoiseanna na nDaoine (Mír 5.2.2)
- c) Cúlra Teanga, Cumas Teanga, Cleachtas Teanga sa Bhaile, sa Phobal srl. (Mír 5.2.3)
- d) Dearcadh i leith na Teanga (Mír 5.2.4)

5.2.1. Cúlra Tíreolaíoch agus Áit Dhúchais

Q2 Cén Ghaeltacht ina bhfuil cónaí ort?

Answered: 1,153 Skipped: 2




ANSWER CHOICES	RESPONSES	
An Tearmann	20.73%	239
Ros Goill	42.76%	493
Ceantar Fhánada	25.93%	299
Gleann Bhairr	4.42%	51
An Craosloch	4.42%	51
Mín a' Lábáin	0.09%	1
Gleann Domhain	1.65%	19
TOTAL		1,153

Figiúr 5.2.1.1: Toradh an Dara Ceist, “Cén Ghaeltacht ina bhfuil cónaí ort?”

Mar a luadh i Mír a 4 – Léargas ar an LPT, is ceantar an-fhairsing atá i LPT Tuaisceart Dhún na nGall. Tá tromlach na dtithe sa cheantar suite i dtrí cheantar faoi leith: Leithinis Ros Goill (42.76% de thithe iomlána an LPT); Ceantar Fhánada (25.93% de thithe iomlána an LPT); Ceantar an Tearmainn (20.73% de thithe iomlána an LPT). Tá an chuid eile de thithe an cheantair suite i dtrí cheantar eile de chuid an LPT fosta: Gleann Bhairr (4.42% de thithe iomlána an LPT); An Craosloch (4.42% de thithe iomlána an LPT); Mín a' Lábáin agus Gleann Domhain (1.74% de thithe iomlána an LPT).

Q4 Cá háit ar tógadh thú?

Answered: 1,118 Skipped: 37




Figiúr 5.2.1.2: Toradh an Ceathrú Ceist, “Cá háit ar tógadh thú?”

Is ceantar é an LPT seo nach mbíodh an-mhórán inimirce ag baint leis go stairiúil nó faoi láthair, agus tá léargas soiléir ar an mhéid sin i dtorthaí Shuirbhé na dTithe fosta. Feictear go maíonn 72.36% de na faisnéiseoirí gur de bhunadh an LPT ó dhúchas iad. Nuair a chuirtear líon na ndaoine a tógadh i gceantracha eile de Ghaeltacht Thír Chonaill nó i gceantracha Gaeltachta eile ar fud na tíre leis an fhiigiúr sin, fágann sin gur tógadh 78.17% d’iomlán fhaisnéiseoirí an LPT i gceantracha Gaeltachta éagsúla sa tír. Tá sciar maith le sonrú nárb as an cheantar ó dhúchas iad fosta dár ndóigh. Feictear go maíonn 13.51% d’fhaisnéiseoirí gur tógadh iad in áiteacha éagsúla i bPoblacht na hÉireann. Deir 2.06% gur tógadh iad sna Sé Chontae. Thug 6.26% d’fhaisnéiseoirí le fios gur tógadh iad in áit éigin eile agus d’fhág 37 teach an cheist ar lár.

5.2.2. Aoiseanna na nDaoine

Feictear anseo toradh ó Shuirbhé na dTithe a bhaineann le haoiseanna na ndaoine agus le hinscne phobal an LPT. Tá torthaí an tSuirbhé iomláin ar fáil in Aguisín 1.



ANSWER CHOICES	RESPONSES	
18-25	6.02%	68
26-40	19.65%	222
41-55	29.20%	330
56-67	21.06%	238
67+	24.07%	272
TOTAL		1,130

Figiúr 5.2.2.1: Toradh an Cúigiú Ceist, “Aois”


Feictear anseo toradh an cúigiú ceist “Aois”. Tabharfar faoi deara nach bhfuil aon duine faoi ocht mbliana déag d’aois san áireamh. Mar a luadh sa chur síos ginearálta ar Shuirbhé na dTithe, tá seans láidir go bhfuil claonadh sa toradh seo, sa mhéid is go nglactar leis go minic gurbh é an té is sine i gcuid mhór cásanna a líon an ceistneoir thar ceann an tí. Mar sin fhéin, feictear léargas maith ar phróifíl aoise an cheantair. Má dhírítear ar na catagóirí aoise faoi leith, feictear go bhfuil céatadán an-íseal ins an réimse 18-25 (6.02% d’iomlán na dtithe). Tá seans ann go bhfuil léiriú soiléir san fhigiúr seo ar chúrsaí imirce an cheantair, .i. go dtéann go leor de bhunadh óg an cheantair go háiteacha eile sa tír agus ar fud na cruinne ar mhaithe le hoideachas agus ar mhaithe le fostaíocht araon. Is iad na réimsí aoise 18-25, 26-40 agus 41-55 na haoiseanna a mbeifí ag súil go dtabharfaí páistí ar an saol, agus is dochar mór don cheantar é an titim leanúnach atá ag teacht ar an chéatadán sna réimsí aoise seo. Má chuirtear réimsí aoise 56-67 agus 67+ le chéile, feictear go bhfuil 45.13% den LPT san áireamh. D’fhág 25 teach an cheist seo ar lár. Is léiriú iad na figiúirí seo, chomh maith, ar a thábhachtaí is atá sé achan chatagóirí aoise a thabhairt linn más mian linn go mbeidh rath ar an

phlean teanga seo. Ní féidir díriú go sonrach ar chatagóir aoise amháin agus neamhaird a dhéanamh de chatagóirí eile. Beidh béim mhór curtha ar an aos óg sa phlean teanga ach beidh tacaíocht chúí ar fáil do dhaoine fásta ar mian leo a nGaeilge a fheabhsú fosta, agus creidtear go gcuirfidh seo le normalú na teanga agus le húsáid na teanga fríd an LPT ar fad.

5.2.3. Cúlra Teanga & Cumas Teanga

Feictear anseo ó chuid de thorthaí Shuirbhé na dTithe a bhaineann le cúlra teanga agus le cumas teanga reatha phobal an LPT, go bhfaightear tuiscint níos cruinne ar chúlra teanga agus ar chumas teanga phobal an LPT. Bhí cúpla ceist i Suirbhé na dTithe dírithe ar thuiscint a fháil ar chúlra teanga agus ar chumas teanga reatha phobal an LPT.

Q7 Cén teanga a bhí in úsáid sa bhaile agus tú ag éirí aníos?




ANSWER CHOICES	RESPONSES
Gaeilge amháin	11.44% 131
Níos mó Gaeilge ná Béarla	18.34% 210
Níos mó Béarla ná Gaeilge	39.30% 450
Béarla amháin	30.66% 351
Eile (sonraigh le do thoil)	0.26% 3
TOTAL	1,145

Figiúr 5.2.3.1: Toradh an Seachtú Ceist, “Cén teanga a bhí in úsáid sa bhaile agus tú ag éirí aníos?”

Feictear anseo toradh an seachtú ceist, “Cén teanga a bhí in úsáid sa bhaile agus tú ag éirí aníos?” Is léargas soiléir é seo ar urlámhas an Bhéarla sa LPT le cúpla glúin anuas. Mar a shonraítear thuas, tógadh 11.44% d’iomlán an LPT le Gaeilge amháin. Tógadh sciar mheasartha eile (18.34%) i dtithe ina raibh an Ghaeilge ní ba láidre ná an Béarla. Má chuirtear na figiúirí sin le chéile, fágfar go raibh an Ghaeilge in uachtar i 29.78% de na tithe inár tógadh na faisnéiseoirí. Má chuirtear líon na bhfaisnéiseoirí a tógadh le teanga eile san áireamh (0.26%), fágann sin gur tógadh 69.96%

d'fhaisnéiseoirí an tsuirbhé le Béarla. Sonraítear go raibh an Ghaeilge in úsáid sna tithe sin (39.30%) ach go raibh níos mó Béarla in úsáid ná Gaeilge. D'fhág 10 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q8 Cuir tic sa bhocsa is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge anois.




Figiúr 5.2.3.2: Toradh an Ochtú Ceist, “Cuir tic sa bhocsa is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge anois”

Feictear anseo toradh an ochtú ceist, “Cuir tic sa bhocsa is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge anois”. Is ábhar dóchais é an líon faisnéiseoirí a luaigh go bhfuil Gaeilge líofa (20.48%) agus Gaeilge mheasartha (31.86%) acu. Má chuirtear an dá chatagóir sin le chéile, feictear go bhfuil breis agus leath d’fhaisnéiseoirí an cheantair (52.34%) a mhaíonn go bhfuil Gaeilge mhaith acu. Is féidir tógáil ar an chéatadán seo go cinnte. Mar sin féin, feictear go bhfuil céatadán iontach ard sa LPT atá ar bheagán Gaeilge (37.16%) agus a shonraíonn nach bhfuil Gaeilge ar bith acu (10.50%). D’fhág 22 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

5.2.4. Cleachtas Teanga

Feictear anseo ó thorthaí Shuirbhé na dTithe a bhaineann le cleachtas teanga go bhfuil tuiscint níos cruinne ar ar fáil ar chleachtas teanga an LPT. Bhí go leor ceisteanna i Suirbhé na dTithe dírithe ar thuiscint a fháil ar an chleachtas teanga. Tá torthaí an tSuirbhé iomláin ar fáil in Aguisín 1.

Q19 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?



ANSWER CHOICES	RESPONSES
Go laethúil	20.73% 238
Ar bhonn seachtainiúil	9.49% 109
Minic go leor	12.54% 144
Ní chomh minic sin	14.55% 167
Go hannamh	25.52% 293
Riamh	17.16% 197
TOTAL	1,148


Figiúr 5.2.4.1: Toradh an Naóú Ceist Déag, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?”

Feictear thuas toradh an naóú ceist déag, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?”. Feictear go maíonn sciar maith de na faisnéiseoirí (20.73%) go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil. Má chuirtear an toradh sin, agus toradh an dara catagóir, iad siúd a mhaíonn go labhraíonn siad Gaeilge ar bhonn sheachtainiúil (9.49%), fágann sin go bhfuil beagán le cois 30% d’fhaisnéiseoirí iomlána an LPT (30.22%) ag labhairt Gaeilge ar bhonn rialta, nó measartha rialta. Mar a fheictear thuas, bhí rogha leathan freagraí leis an cheist seo, agus thig a bheith measartha dearfach fosta faoi líon na bhfaisnéiseoirí a luaigh go mbaineann siad úsáid as an Ghaeilge minic go leor (12.54%). Ar an lámh eile, áfach, is cinnte gur ábhar éadóchais é an líon faisnéiseoirí a shonraigh nach mbaineann siad úsáid as an Ghaeilge ariamh (17.16%). Nuair a chuirtear an figiúr sin le líon na bhfaisnéiseoirí a luaigh nach mbaineann siad úsáid as an Ghaeilge ach go hannamh (25.52%), fágann sin go bhfuil sciar iontach suntasach den phobal (42.68%) nach mbaineann mórán úsáid as an Ghaeilge ar chor ar bith. Tá an toradh seo ag teacht a bheag nó a mhór leis an líon daoine a luaigh i gCeist a hOcht (Figiúr

4.2.3.2 thuas) go bhfuil siad ar bheagán Gaeilge, agus iad siúd nach bhfuil Gaeilge ar bith acu. D’fhág 7 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q20 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil acu?


Answered: 1,143 Skipped: 12



ANSWER CHOICES	RESPONSES
Go laethúil	35.87% 410
Ar bhonn seachtainiúil	10.67% 122
Minic go leor	21.87% 250
Ní chomh minic sin	10.50% 120
Go hannamh	12.42% 142
Riamh	8.66% 99
TOTAL	1,143

Q21 Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?

Answered: 981 Skipped: 174




ANSWER CHOICES	RESPONSES
Chuir muid aithne ar a chéile i mBéarla.	12.13% 119
Cleachtadh, faisean nó nós atá ann.	41.28% 405
Níl muinín acu Gaeilge a labhairt liom.	9.38% 92
Níl se de mhisneach agam Gaeilge a labhairt leo.	37.82% 371
Braitheann sé ar cé acu an bhfuil daoine gan Gaeilge sa chuideachta	1.53% 15
Má cheaptar nach bhfuil Gaeilge go leor agam-sa	0.82% 8
Ar eagla go síltear go bhfuil daoine ag caint futhu	0.00% 0
Total Respondents: 981	

Figiúr 5.2.4.2: Toradh an Fichiú Ceist, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil acu?” agus Toradh an tAonú Ceist Fichead, “Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?”

Feictear thuas toradh an fichiú ceist, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil a fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil aige/aici?” agus toradh an t-aonú ceist fichead, “Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?”. Is léargas maith é an chéad cheist, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil a fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil

aige/aici?” ar chleachtas teanga phobal an LPT, agus ar urlámhas an Bhéarla mar mheán cumarsáide sa cheantar. Maíonn céatadán iontach ard d’fhaisnéiseoirí (35.87% - Go Laethúil; 10.67% - Ar Bhonn Seachtainiúil; 21.87% - Minic go Leor) go labhraíonn siad Béarla le cainteoirí Gaeilge sa LPT. Ar an lámh eile, deir 8.66% d’fhaisnéiseoirí an LPT nach labhraíonn siad Béarla ariamh le daoine a bhfuil fhios acu Gaeilge a bheith acu, agus deir 12.42% d’fhaisnéiseoirí nach labhraíonn siad Béarla le daoine a bhfuil fhios acu Gaeilge a bheith acu ach go hannamh. Maidir leis na cúiseanna taobh thiar den chleachtas teanga seo, deir 41.28% d’fhaisnéiseoirí an cheantair gur ‘cleachtadh, faisean nó nós’ an réasúnaíocht taobh thiar den rogha teanga seo. Deir sciar eile iontach suntasach, 37.82% d’fhaisnéiseoirí an cheantair, nach bhfuil ‘de mhisneach acu Gaeilge a labhairt leo’. Is ábhar éadóchais an easpa muiníne seo sa cheantar gan amhras. Is fiú a shonrú fosta gur fhág sciar maith de na faisnéiseoirí an cheist “Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh” ar lár (174 san iomlán a d’fhág an cheist seo ar lár.)

Q22 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sa bhaile?




ANSWER CHOICES	RESPONSES
I gcónaí / Thar a bheith i gcónaí	6.92% 78
Go minic	16.06% 181
Anois is arís	23.96% 270
Go hannamh	26.62% 300
Riamh	26.44% 298
TOTAL	1,127

Figiúr 5.2.4.3: Toradh an Dara Ceist Fichead, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sa bhaile?”

Feictear thuas toradh an dara ceist fichead, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sa bhaile?” Is léir ó na torthaí thuas go bhfuil an Ghaeilge go mór faoi bhrú mar theanga an tí i measc phobal an LPT. Maíonn 6.92% d’fhaisnéiseoirí an LPT gurb í an Ghaeilge teanga an tí i gcónaí, nó thar a bheith i gcónaí. Tá sciar maith eile a deir go labhraíonn siad Gaeilge ‘go minic’ sa bhaile (16.06%). Má chuirtear an dá fhiúir sin le chéile, fágann sin go mbíonn Gaeilge á labhairt i gcónaí nó go minic i 22.98% de thithe an LPT. Ar an lámh eile, áfach, feictear go bhfuil an Béarla in uachtar i bhformhór thithe an cheantair. Deir 26.44% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé nach labhraíonn siad Gaeilge ariamh sa bhaile. Deir 26.62% d’fhaisnéiseoirí an cheantair gur go hannamh a mbíonn Gaeilge á labhairt acu sa

bhaile, agus deir 23.96% d’fhaisnéiseoirí an cheantair go labhraíonn siad Gaeilge anois ‘is arís sa bhaile. Fágann sin sciar iontach mór de thithe an cheantair ina bhfuil an Béarla in uachtar (77.02%). Is fadhb mhór í seo do leanúnachas agus do chur chun cinn na Gaeilge sa LPT trí chéile, óir chruthaigh go leor staidéar teangeolaíoch ar an cheist seo gur sa bhaile is fearr agus is éifeachtaí a fhoghlaimíonn páistí teanga.

Q25 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sa chomharsanacht?




ANSWER CHOICES	RESPONSES
I gcónaí / Thar a bheith i gcónaí	2.75% 30
Go minic	12.73% 139
Anois is arís	22.80% 249
Go hannamh	23.99% 262
Riamh	37.73% 412
TOTAL	1,092

Figiúr 5.2.4.4: Toradh an Cúigiú Ceist Fichead: “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sa chomharsanacht?”

Léirítear thuas toradh an cúigiú ceist fichead, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sa chomharsanacht?”. Is léargas maith é torthaí na ceiste seo ar chreimeadh na Gaeilge ag leibhéal an phobail sa LPT. Níor fhreagair ach céatadán iontach íseal (2.75%) d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nó thar a bheith i gcónaí sa chomharsanacht. Má chuirtear an líon sin faisnéiseoirí le líon na bhfaisnéiseoirí a d’fheagair go labhraíonn siad Gaeilge go minic sa chomharsanacht (12.73%), is léir go bhfuil an Ghaeilge go mór faoi bhrú i suíomhanna pobail an LPT. Tá seans go mbaineann cuid den chéatadán íseal seo le chomh iargúlta is atá cuid de na ceantracha ins an LPT. Mar sin féin, is údar imní an líon faisnéiseoirí a thug le fios nach labhraíonn siad Gaeilge ariamh sa chomharsanacht (37.73%) agus an líon faisnéiseoirí a thug le fios nach labhraíonn siad Gaeilge ach go hannamh ins an chomharsanacht (23.99%). D’fhág 63 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q27 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna siopaí / gnóthaí ?

Answered: 1,137 Skipped: 18




Figiúr 5.2.4.5: Toradh an Seachtú Ceist Fichead: “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna siopaí / gnóthaí?”

Léirítear thuas toradh an seachtú ceist fichead, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna siopaí / gnóthaí?”. Is ábhar mór éadóchais é torthaí na ceiste seo ar chleachtas teanga an LPT i ngnóthaí áitiúla agus i siopaí áitiúla sa cheantar. Feictear nach mbaineann formhór na bhfaisnéiseoirí úsáid as Gaeilge ins na háiteanna seo. Maíonn 43.54% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé nach mbaineann siad úsáid as Gaeilge ariamh agus iad ag déanamh siopadóireachta sa cheantar, agus ag baint úsáide as gnóthaí éagsúla eile sa cheantar. Má chuirtear an figiúr sin leis an líon faisnéiseoirí a deir nach mbaineann siad úsáid as Gaeilge sna siopaí agus sna gnóthaí ach go hannamh (23.31%), feictear go bhfuil formhór an phobail nach níonn a gcuid gnóthaí trí Ghaeilge. Glactar leis (go pointe áirithe), go bhfuil go leor de phobal an LPT ag déanamh siopadóireachta agus ag úsáid gnóthaí eile nach bhfuil lonnaithe taobh istigh de cheantar an LPT, ach mar sin féin, creidtear gur chóir go mbeidh i bhfad níos mó daoine ábalta a gcuid siopadóireachta agus araile a dhéanamh i nGaeilge más mian leofa sin a dhéanamh. Tá ceist eile le cur anseo fosta maidir le cé chomh maith is atá na siopaí agus na gnóthaí ábalta freastal ar an Ghaeilge sa cheantar. D’fhág 18 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q28 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge go sóisialta (club óige, tábhairne, CLG, 7rl) ?

Answered: 1,089 Skipped: 66




ANSWER CHOICES	RESPONSES
I gcónaí / Thar a bheith i gcónaí	1.10% 12
Go minic	8.82% 96
Anois is arís	17.36% 189
Go hannamh	25.16% 274
Riamh	47.57% 518
TOTAL	1,089

Figiúr 5.2.4.6: Toradh an Ochtú Ceist Fichead: “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge go sóisialta (club óige, tábhairne, CLG, 7rl) ?”

Feictear thuas toradh an ochtú ceist fichead, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge go sóisialta (club óige, tábhairne, CLG, 7rl) ?”. Is céatadán iontach íseal d’fhaisnéiseoirí (1.10%) a deir go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí ins na suíomhanna seo go sóisialta. I gcomparáid le sin, feictear go bhfuil céatadán iontach ard (47.57%) d’fhaisnéiseoirí a deir nach labhraíonn siad Gaeilge ariamh go sóisialta ins na suíomhanna seo. Cosúil leis na siopaí agus na gnóthaí áitiúla sa LPT, is dócha go bhféadfadh na seirbhísí sóisialta seo i bhfad níos mó a dhéanamh le freastal ar neartú na Gaeilge sa cheantar. Reáchtáladh Comórtas Peile na Gaeltachta sna Dúnaibh i mí Mheithimh na bliana seo (2018), agus bíonn an trí fhoireann CLG sa LPT – Ná Dúnaibh, Gaeil Fhánada, CLG an Tearmainn – páirteach ins an chomórtas gach bliain. Tá clubanna óige sa cheantar chomh maith agus bheifí ag súil leis go mbeidh imeachtaí sna clubanna óige á reáchtáil trí Ghaeilge agus go mbeadh fáilte roimh an Ghaeilge sna clubanna sin. D’fhág 18 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q29 Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna Seirbhísí Sláinte (dochtúirí, oibrithe sláinte)?

Answered: 1,117 Skipped: 38



ANSWER CHOICES	RESPONSES
I gcónaí / Thar a bheith i gcónaí	0.45% 5
Go minic	1.34% 15
Anois is arís	6.36% 71
Go hannamh	20.41% 228
Riamh	71.44% 798
TOTAL	1,117

Figiúr 5.2.4.7: Toradh an Naoú Ceist Fichead: “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna Seirbhísí Sláinte (dochtúirí, oibrithe sláinte) ?”


Léirítear thuas toradh an naoú ceist fichead, “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna Seirbhísí Sláinte (dochtúirí, oibrithe sláinte) ?”. Is ábhar imní é a laghad Gaeilge is a úsáidtear sa LPT nuair a bhaintear úsáid as na seirbhísí sláinte. Ní mhaíonn ach 0.45% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nó chóir a bheith i gcónaí agus iad ag plé le hoibrithe de chuid na seirbhísí sláinte. I gcomparáid le sin, deir 71.44% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé nach labhraíonn siad Gaeilge ariamh agus iad ag plé le hoibrithe na seirbhísí sláinte, agus deir 20.41% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé gur annamh a bhaineann siad úsáid as an Ghaeilge agus iad ag plé leis na hoibrithe sláinte. D’fhág 38 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

4.2.5. Dearcadh an Phobail i Leith na Gaeilge

Fictear anseo ó chuid de thorthaí Shuirbhé na dTithe a bhaineann le dearcadh an phobail i leith na Gaeilge go bhfaightear tuiscint níos cruinne ar dhearcadh phobal an LPT. Bhí go leor ceisteanna i Suirbhé na dTithe dírithe ar thuiscint a fháil ar dhearcadh phobal an LPT i leith na Gaeilge. Tá torthaí an tsuirbhé iomláin ar fáil in Aguisín 1.

Q33 Cuir tic sa bhocsa is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi: Tá sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Answered: 1,128 Skipped: 27




ANSWER CHOICES	RESPONSES
Aontaím go mór	66.22% 747
Aontaím	29.26% 330
Easaontaím	0.27% 3
Easaontaím go mór	0.80% 9
Níl fhios agam/ níl tuairim láidir agam	3.46% 39
TOTAL	1,128

Figiúr 5.2.5.1: Toradh an Tríocha Tríú Ceist: “Cuir tic sa bhocsa is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi: Tá sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht”.

Feictear thuas toradh an tríocha tríú ceist, “Cuir tic sa bhocsa is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi: Tá sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht”. Feictear go gcreideann tromlach d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé go mór go bhfuil sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht. Tá formhór d’fhaisnéiseoirí an LPT (Aontaím go mór – 66.22%; Aontaím – 29.26%) den bharúil go bhfuil tábhacht faoi leith le hinmharthanacht na Gaeilge sa Ghaeltacht. Léiríonn an freagra seo go bhfuil bá agus toil ag pobal an LPT i leith na Gaeilge, agus is ábhar dóchais an céatadán iontach ard seo, ach tá obair mhór le déanamh le tógáil ar an mheon eile. D’fhág 27 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q34 Cuir tic sa bhocsa is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi: Tá mé sásta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge.

Answered: 1,102 Skipped: 53




Figiúr 5.2.5.2: Toradh an Tríocha Ceathrú Ceist: “Cuir tic sa bhocsa is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi: Tá mé sásta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge

Léirítear thuas toradh an tríocha ceathrú ceist, “Cuir tic sa bhocsa is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi: Tá mé sásta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge. Is ábhar mór dóchais é an toil a léirítear i measc phobal an LPT anseo le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Maíonn 35.75% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé go n-aontaíonn siad go mór go mbeidh siad sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Nuair a chuirtear an figiúr sin leis an líon faisnéiseoirí a aontaíonn go mbeidh siad sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge (41.11%), fágann sin go mbeidh breis agus triúr in achan cheathrar sa LPT toilteanach iarracht a dhéanamh a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Macasamhail na ceiste thuas ar thábhacht inmhharthanacht na Gaeilge sa Ghaeltacht (Mír 4.2.5.1), is féidir tógáil ar an mheon seo. D’fhág 53 faisnéiseoir an cheist seo ar lár.

Q43 Caidé na mianta atá agat don Ghaeilge i do cheantar féin? m.sh. an síleann tú go bhfuil sé tábhachtach go mairfeadh sí sa Ghaeltacht do na glúnta amach romhainn/ Cuir do thuairimí / do mhianta in iúl dúinn le do thoil.

Answered: 1,144 Skipped: 11



Figiúr 5.2.5.3: Toradh an Ceathracha Tríú Ceist: Caidé na mianta atá agat don Ghaeilge i do cheantar féin?

Léirítear thuas toradh an ceathracha tríú ceist, “Caidé na mianta atá agat don Ghaeilge i do cheantar féin?” Feictear arís sa cheist seo go bhfuil dearcadh dearfach le sonrú i measc phobal an LPT maidir leis an Ghaeilge sa cheantar. Maíonn 25.52% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé go bhfuil siad iontach dearfach faoin Ghaeilge sa cheantar, agus maíonn 34.35% d’fhaisnéiseoirí an tsuirbhé go bhfuil siad dearfach faoin Ghaeilge. Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, nár fhreagair an-mhórán (38.64%) an cheist. Mar sin fhéin, i bhfianaise cuid de na torthaí ar dhearcadh an phobail i dtaobh na Gaeilge, is léir go bhfuil bá agus toil ann i dtaobh na Gaeilge. Tá obair mhór amach romhainn mar phobal teanga, áfach, le tógáil ar an bhá agus ar an toil sin.

5.2.6. Conclúid bheag ar thorthaí Shuirbhé na dTithe

Baineadh go leor eolas tábhachtach ó Shuirbhé na dTithe. Nuair a fhéachtar ar an cheithre chatagóir mar aonaid éagsúla, mar a rinneadh thuas, feictear léargas iontach maith ar staid reatha na Gaeilge sa LPT. Is léir go bhfuil bunús láidir Gaeilge i go leor de na ceantacha i gcónaí, agus ainneoin cúlú

seasta na teanga i go leor comhthéacsanna áirithe de shaol an phobail, creidtear go láidir gur féidir tógáil ar an mhéid a nocht an pobal agus go bhfuil bunchloch mhaith i gcónaí faoin Ghaeilge sa cheantar. Creidtear gur féidir súil a chaitheamh chun tosaigh ar chur i bhfeidhm na mbeart teanga (tuilleadh eolais i Mír a 6 – Bearta Teanga) d’fhonn an teanga a neartú agus a chur i réim arís ins na háiteanna is tábhachtaí i saol an phobail ina bhfuil brú láidir an Bhéarla le sonrú. Is ábhar dóchais é fosta an toil a léiríodh maidir le mian phobal an LPT ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha (65.29%), feabhas a chur ar a dtuiscint ar an teanga (65.64%), feabhas a chur ar a gcuid scileanna léitheoireachta (58.46%) agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta (57%). Is ceart agus is cóir freastal ar na mianta seo le go dtabharfar achan deis do mhórphobal an LPT feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge – an athuir i gcásanna áirithe agus as an nua i gcásanna eile – le go gcuirfead le láidreacht na teanga sa cheantar trí chéile.

Aithnítear, dár ndóigh, go bhfuil dúshlán mhóra os comhair phobal an LPT leis na nithe seo a chur i gcrích. Creideadh ó thús an phróisis pleanála teanga go raibh géarghá le léargas réadúil a fháil ar staid reatha na teanga sa cheantar agus creidtear go bhfuarthas amhlaidh. Ní féidir a sheachaint, fosta, gur léiríodh go soiléir sna ceisteanna a bhain le cleachtas teanga an phobail go bhfuil an Ghaeilge in áit na leathphingine i mbeagnach achan réimse inár dearnadh iniúchadh. Ní féidir neamhaird a dhéanamh d’urlámhas an Bhéarla ins an cheantar, agus tá obair mhór os comhair na ngrúpaí poiblí agus os comhair ghníomhairí teanga an LPT le cur ar a súile do phobal an cheantair go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach mar rogha teanga an bhaile, mar rogha teanga na comharsanachta agus araile. Chuige sin, feictear le díriú isteach ach go háirithe ar an aos óg sa cheantar, tuismitheoirí óga ach go háirithe, le gur féidir an Ghaeilge a ‘*dhíol*’ leo mar rogha teanga agus iad ag tógáil páistí sa LPT. Ní hionann an Ghaeilge a chur in úsáid i réimsí áirithe de shaol an phobail agus beag is fiú a dhéanamh de mhóртеanga an Bhéarla, teanga idirnáisiúnta aitheanta cumhachtach. Ba chóir agus ba cheart, mar sin, an t-eolas a chur ar fáil don phobal maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas i dtéarmaí oideachais, fostaíochta, cumais agus araile. Beidh an chuid seo, agus scaipeadh an eolais ach go háirithe, mar cheann de chrainn taca na mbeart teanga.

5.3. Suirbhé na mBunscoileanna / Primary School Survey

Creideadh ó thús an phróisis seo go raibh tábhacht thar na bearta ag baint le dearcthaí agus le cleachtas na n-óg sa LPT, le go mbeadh an tuiscint ab fhairsinge agus ab fhéidir ar fáil don choiste agus iad i mbun ullmhúcháin an Phlean Teanga seo. Dearadh Suirbhé na mBunscoileanna ar Google Forms. Mar a sonraíodh i Mír a 4.6.1, tá sé bhunscoil sa cheantar, agus chuathas i dteagmháil le príomhoidí na scoileanna éagsúla sin ó Nollaig 2017 maidir leis an suirbhé. Téann páistí cheantar Ghleann Bhairr go Scoil Náisiúnta na Ceathrú Caoile (Kerrykeel N.S) agus measadh go raibh go leor faisnéise le fáil ins na scoileanna Gaeltachta. Tugadh rogha do na scoileanna cur chuige an tsuirbhé a roghnú ar cé acu ab oiriúnaí dóibh féin (.i. foirm ar líne a líonadh nó an fhoirm a chur i gcló agus “peann & páipéar” a scaipeadh ar dhaltaí scoile). Cinneadh ón tús gurbh fhearr cloí leis na daltaí scoile ba shine sna scoileanna, agus roghnaíodh Rang a 5 agus Rang a 6 mar fhaisnéiseoirí an tsuirbhé. Labhair cathaoirleach an choiste agus an comhairleoir teanga le príomhoidí na scoileanna ar fad agus bailíodh 54 ceistneoir san iomlán. Tá an coiste ar fad buíoch de phríomhoidí agus as múinteoirí na scoileanna as na ceistneoirí seo a scaipeadh agus a bhailiú.

Cuirfear torthaí iomlána an cheistneora i láthair in Aguisín 2, ach díreofar anseo ar chuid de na torthaí ba thábhachtaí a baineadh as an suirbhé i dtaca leis an Phlean Teanga seo. Rinneadh na torthaí ba thábhachtaí a scagadh i gceithre chuid:

- a) Cúlra Teanga na bPáistí (Mír 5.3.1)
- b) Cleachtas Teanga na bPáistí (Mír 5.3.2)
- c) Dearcthaí Teanga na bPáistí (Mír 5.3.3)
- d) Moltaí don Todhchaí (Mír 5.3.4)


5.3.1. Cúlra Teanga na bPáistí

Feictear tuilleadh eolais anseo ar chumas teanga na bpáistí bunscoile ins an LPT. Ní mór a thabhairt san áireamh gur féinmheasúnú atá i gceist anseo. Tá torthaí an tSuirbhé iomláin ar fáil in Aguisín 2.

3. Dean cur síos ar do chuid Gaeilge, le do thoil. Please choose the option that best describes your level of Irish




54 responses



Figiúr 5.3.1.1: Toradh an Tríú Ceist: “Déan cur síos ar do chuid Gaeilge, le do thoil”

7. Cén teanga / cé na teangacha atá agaibh sa bhaile? What language(s) do you speak at home?

54 responses




Figiúr 5.3.1.2: Toradh an Seachtú Ceist: “Cén teanga / cé na teangacha atá agaibh sa bhaile?”

Tá dóchas le brath i méid na bpáistí a dúirt go bhfuil Gaeilge réasúnta maith nó Gaeilge líofa acu (Gaeilge réasúnta = 59.3% + Gaeilge líofa = 11.1% = 70.4%). Mar sin féin, níor fhreagair ach faisnéiseoir amháin go bhfuil Gaeilge ó dhúchas aige / aici, rud a léiríonn na himpleachtaí atá ag cleachtas teanga an bhaile ar na páistí seo in aois scoile. Níor fhreagair ach beirt pháistí (3.7% d’iomlán an tsuirbhé) go labhraítear níos mó Gaeilge nó Béarla sa bhaile, agus níor fhreagair páiste ar bith nach bhfuil an Béarla in úsáid sa bhaile. Is é cleachtas teanga an bhaile an chéad chéim in athneartú na Gaeilge sa LPT.

5.3.2. Cleachtas Teanga na bPáistí


6. Le seachtain anuas, caidé chomh minic is a labhair tú Gaeilge ar scoil? In the last week, how often did you speak Irish in school?



Figiúr 5.3.2.1: Toradh an Séú Ceist: “Le seachtain anuas, caidé chomh minic is a labhair tú Gaeilge ar scoil?”


11. Le seachtain anuas, caidé chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil le gaolta, cairde, siopadóirí 7rI? In the last week, how often did you speak Irish outside of school to friends, relations, shopkeepers, etc.?

54 responses



Figiúr 5.3.2.2: Toradh an Aonú Ceist Déag: “Le seachtain anuas, caide chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil le gaolta, cairde, siopadóirí 7rI?”

10. Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas? How often do you speak Irish to the following people?




Figiúr 5.3.2.3: Toradh an Deichiú Ceist: “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas?”

Feictear sna torthaí thuas cuid de na rudaí is suntasaí a bhaineann le cleachtas teanga na bpáistí bunskoile. Feictear, mar shampla, go bhfuil an Ghaeilge le sonrú go láidir i gcumarsáid na bpáistí leis na múinteoirí sa scoil. Is ábhar éadóchais, áfach, líon na bpáistí a d’fhreagair nach labhraíonn siad

Gaeilge i measc a n-aoisghrúpa fhéin, i gclós na scoile agus sa bhaile lena ndeartháireacha agus lena ndeirfiúracha. Feictear fosta a laghad Gaeilge atá in úsáid idir na páistí sa bhaile agus a gcuid tuismitheoirí. Mar is léir ó Cheist a Deich: Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas? – níl ach sciar iontach beag (beirt pháistí do “Tuismitheoir/Caomhnóir 1” agus páiste amháin i gcás “Tuismitheoir / Caomhnóir 2”) a labhraíonn Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí leis na tuismitheoirí / caomhnóirí sin. Tá sciar an-bheag fosta a deir go labhraíonn siad Gaeilge leis an choimeádaí páistí (triúr páistí a d’fhreagair “i gcónaí nó beagnach i gcónaí”).


5.3.3. Dearcthaí Teanga na bPáistí

17. An aontaíonn/ easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas? Do you agree/disagree with the following statements?




Figiúr 5.3.3.1: Toradh an Seachtú Ceist Déag: “An aontaíonn / easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?”

17. An aontaíonn/ easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas? Do you agree/disagree with the following statements?



Figiúr 5.3.3.2: Toradh an Seachtú Ceist Déag: “An aontaíonn / easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?”

17. An aontaíonn/ easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas? Do you agree/disagree with the following statements?




Figiúr 5.3.3.3: Toradh an Seachtú Ceist Déag: “An aontaíonn / easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?”

Feictear sna figiúirí thuas cuid de na torthaí ó cheist ar an tsuirbhé a bhain go sonrach le dearcthaí na bpáistí maidir leis an Ghaeilge. Iarradh ar pháistí a gcuid tuairimí a chur in iúl ar ghnéithe áirithe a bhaineann le cleachtas teanga agus le nithe eile den Ghaeilge. Feictear i bhfigiúr 4.3.3.1 go bhfuil cion ag formhór na bpáistí ar an Ghaeilge. D’aontaigh beagnach 69% de na páistí san iomlán go dtaitníonn an Ghaeilge go mór leo, agus go dtaitníonn an Ghaeilge leo araon. Mar is léir ó fhigiúr 4.3.3.2, d’fhreagair 77% de pháistí iomlána an tsuirbhé go raibh tábhacht leis an Ghaeilge ina gceantair dúchais (.i. ba chuma liom gan Gaeilge a bheith á labhairt anseo sa Ghaeltacht – 42 páiste san iomlán a d’easaontaigh, nó a d’easaontaigh go láidir). Tá toradh suntasach le brath i gceist eile maidir le cleachtas teanga chomh maith. Deir 50% de pháistí an tsuirbhé go n-aontaíonn siad go láidir go bhfreagraíonn siad as Gaeilge má labhraítear as Gaeilge leo, agus deir 22% de pháistí an tsuirbhé go n-aontaíonn siad (seachas go n-aontaíonn siad go láidir) leis an cheist chéanna.

5.3.4. Moltaí na bPáistí don Todhchaí

Cuireadh cúpla ceist ar an tsuirbhé a bhí dírithe ar eolas a fháil maidir leis an chuid seo den anailís. I gceist a 18, cuireadh liosta samplach d’imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge le chéile, agus iarradh ar pháistí a chur in iúl cé acu an mbeadh suim acu freastal ar na himeachtaí nó nach mbeadh. Chomh maith le sin, fágadh bosca tráchttaireachta ag deireadh an tsuirbhé a thug deis do pháistí a gcuid tuairimí féin a chur in iúl.

An mbeadh suim agat freastal ar na himeachtaí seo a leanas dá mbeadh siad ar fáil trí Ghaeilge? How interested would you be in attending the following events if they were available through Irish?



Figiúr 5.3.4.1: Toradh an Ochtú Ceist Déag: “An mbeidh suim agat freastal ar na himeachtaí seo a leanas dá mbeadh siad ar fáil trí Ghaeilge?”

An mbeadh suim agat freastal ar na himeachtaí seo a leanas dá mbeadh siad ar fáil trí Ghaeilge? How interested would you be in attending the following events if they were available through Irish?



Figiúr 5.3.4.2: Toradh an Ochtú Ceist Déag: “An mbeidh suim agat freastal ar na himeachtaí seo a leanas dá mbeadh siad ar fáil trí Ghaeilge?”

Is suntasach líon na bpáistí a deir go gcuirfeadh siad spéis mhór i scéim malartaithe le scoileanna i nGaeltachtaí eile, dá mbeadh a leithéid ar fáil. Bheadh scéim den tsórt an-suimiúil agus d’fhéadfadh sí a bheith ina cuidiú mhór d’fhorbairt an LPT seo. Chomh maith le sin, d’fhéadfadh a leithéid de scéim próifíl an LPT mar cheantar Gaeltachta a ardú i ndeisceart na tíre agus i dtuaisceart na tíre. Chomh maith le sin, luaigh beagnach 69% de pháistí an tsuirbhé go mbeadh suim acu freastal ar ócáidí sóisialta le scoileanna eile sa LPT céanna. Cuireadh tús le himeachtaí sóisialta idir na bunskoileanna sa LPT cheana.

Mar a luadh thuas, bhí bosca tráchtairachta ag deireadh an tsuirbhé fosta, rud a thug deis do pháistí a gcuid tuairimí féin a chur in iúl. Iarradh orthu smaointiú ar aon rud eile a chuideodh leo lena gcuid Gaeilge. Seo a leanas samplaí de na freagraí a bailíodh sa cheist seo:

Deontas do pháistí le dul go dtí an Ghaeltacht ar feadh cúig lá ag deireadh na scoilbhliana (4)
DRÁMA agus SPORT (3)
no (2)
Apps and books (2)
Deontas do pháistí le dul go dtí an Ghaeltacht ar feadh cúig lá ag deireadh na scoilbhliana (2)
Níos mó Gaeilge a labhairt lena chéile (2)
Games taught through irish
More Irish in school
More Irish in school and about the house .
geilig apps and books
Apps and after school clubs
More Irish Camps and Irish games

Figiúr 5.3.4.3: Cuid de shamplaí na ceiste deireanaí: “An bhfuil rudaí speisialta ar bith a chuideodh leat do chuid Gaeilge a úsáid?”

5.3.5. Conclúid bheag ar Shuirbhé na mBunscoileanna

Tá torthaí dearfacha agus torthaí diúltacha le sonrú ins an tsuirbhé a rinneadh ar pháistí bunscoile an LPT. Feictear, mar shampla, go bhfuil dearcadh dearfach ag na páistí i dtaobh na Gaeilge go ginearálta, rud atá ag teacht le pobal an LPT i gcoitinne. Caithfear, áfach, suntas a thabhairt d’urlámhas an Bhéarla agus imeallú na Gaeilge ins na réimsí éagsúla a bhí fá thrácht ins an tsuirbhé. Léiríodh, mar shampla, nach labhraíonn ach fíorbheagán páistí an Ghaeilge i gclós na scoile, sa chomharsanacht, sna siopaí áitiúla agus nuair a bhíonn siad i mbun a gcaithimh aimsire éagsúla. Ní mór dul i ngleic láithreach leis an fhadhb seo má tá seans ar bith ag an Ghaeilge maireachtáil ins an LPT mar theanga an phobail.

Díríodh ar na háiteanna a labhraítear an Ghaeilge mar chuid den tsuirbhé, agus luaigh go leor daltaí Céim Aniar mar áit fhisiciúil ina labhraítear an Ghaeilge. Tá géarghá le tuilleadh tacaíochtaí ar nós Chéim Aniar sa phobal le go ndéarfad an Ghaeilge a normalú sa cheantar i gcoitinne. Is suimiúil, fosta, líon na bpáistí a deir go bhfreagródh siad as Gaeilge ach ceist a chur orthu as Gaeilge. Seans go bhfuil ábhar dóchais anseo don LPT. Creidtear go gcaithfear an Ghaeilge a chur chun tosaigh sa bhaile i dtoiseach, le gur féidir dúshraith teanga a bheith ag páistí an cheantair, agus le go mbeidh an teanga inghlactha mar rogha chumarsáide na bpáistí i measc a n-aoisghrúpaí féin amach anseo.

Tá dóchas le brath i líon na bpáistí a dúirt go bhfuil Gaeilge réasúnta maith nó Gaeilge líofa acu (Gaeilge réasúnta = 59.3% + Gaeilge líofa = 11.1% = 70.4%). Mar sin féin, níor fhreagair ach faisnéiseoir amháin go bhfuil Gaeilge ó dhúchas aige / aici, rud a léiríonn na himpleachtaí atá ag cleachtas teanga an bhaile ar na páistí seo in aois scoile. Níor fhreagair ach beirt pháistí (3.7% d’iomlán an tsuirbhé) go labhraítear níos mó Gaeilge nó Béarla sa bhaile, agus níor chuir aon pháiste

in iúl go raibh an Ghaeilge amháin in úsáid sa teach. Tá cleachtas teanga an bhaile mar an chéad chéim in athneartú na Gaeilge sa LPT.

5.4. Suirbhé na nIarbhunscoileanna / Post-Primary School Survey

Mar chuid eile de chéim an taighde, cinneadh go ndéanfaí suirbhé ar mhaithe le scoláirí meánscoile an LPT, le go mbeidh tuiscint níos fairsinge agus níos cuimsithí ar fáil faoin ghrúpa tábhachtach seo sa LPT. Chuaigh an comhairleoir teanga i dteagmháil le hÚdarás na Gaeltachta leis an cheistneoir shamplach a bhailiú i mí Bealtaine 2018. Cuireadh comhairle air leasuithe beaga a dhéanamh ar an cheistneoir ar mhaithe leis an tsuirbhé a shimpliú agus a uasdátú beagán agus tá an coiste buíoch d'Údarás na Gaeltachta agus Hannah Ní Dhoimhin ach go háirithe as an chomhairle seo.

Níl aon scoil dara leibhéal ins an LPT. Chuathas i dteagmháil le príomhoidí na mbunscoileanna agus le tuismitheoirí eile sa LPT d'fhonn a fháil amach goide na scoileanna dara leibhéal ar a mbíonn páistí an cheantair ag freastal. Luadh go dtéann na páistí go dtí na scoileanna seo a leanas:

- Pobalscoil Loreto	Baile na nGallóglaigh
- Coláiste na Maoile Rua	Baile na nGallóglaigh
- Gairmscoil Chú Uladh	Béal an Átha Móir
- Loreto Convent	Leitir Ceanainn
- Coláiste Adhamhnáin	Leitir Ceanainn
- Coláiste Ailigh	Leitir Ceanainn
- Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola	An Fál Carrach

Ar an ábhar go raibh an scoilbhliain 2017 – 2018 ag teacht chun críche, socraíodh dul i dteagmháil le cúig scoil ar an liosta chomh luath agus ab fhéidir. Roghnaíodh Pobalscoil Loreto agus Coláiste na Maoile Rua i mBaile na nGallóglaigh, Gairmscoil Chú Uladh i mBéal an Átha Móir agus Loreto Convent agus Coláiste Ailigh i Leitir Ceanainn. Dearadh an ceistneoir ar SurveyMonkey, agus tugadh rogha do mhúinteoirí Gaeilge na scoile an nasc ar líne a úsáid nó an suirbhé a chur i gcló agus an modh “peann agus páipéar” a roghnú dá mbeadh seo ní b’fhusa dóibh. Moladh do scoileanna gan an suirbhé a scaipeadh ar scoláirí a bhí ag tabhairt faoin Teastas Sóisearach agus faoin Ardteist. Bailíodh 72 freagra san iomlán, agus tá an coiste iontach buíoch de na scoileanna agus do mhúinteoirí na scoileanna as an obair seo a láimhseáil taobh istigh d’achar gearr ama.

Cuirfear torthaí iomlána an cheistneora i láthair in Aguisín 3, ach díreofar anseo ar chuid de na torthaí ba thábhachtaí a baineadh as an suirbhé i dtaca leis an Phlean Teanga seo. Rinneadh na torthaí ba thábhachtaí a scagadh i dtrí chuid:


- a) Cúlra Teanga na Scoláirí (Mír 5.4.1)
- b) Cleachtas Teanga na Scoláirí (Mír 5.4.2)
- c) Dearcthaí Teanga na Scoláirí (Mír 5.4.3)

5.4.1. Cúlra Teanga na Scoláirí

Feictear anseo cúlra teanga na scoláirí dara leibhéal. Tá na torthaí ar fad a bhaineann le Suirbhé na nIarbhuscoileanna le fáil in Aguisín 3.


Déan cur síos ar do chuid Gaeilge, le do thoil. / Please choose the option that best describes your level of Irish.

Answered: 72 Skipped: 0



ANSWER CHOICES	RESPONSES
Tá Gaeilge ó dhúchas agam / I am a native Irish speaker	9.72% 7
Tá Gaeilge líofa agam / I have fluent Irish	23.61% 17
Tá Gaeilge réasúnta maith agam / I have fairly good Irish	47.22% 34
Níl ach beagán Gaeilge agam / I only have a bit of Irish	19.44% 14
Níl Gaeilge ar bith agam / I have no Irish at all	0.00% 0
TOTAL	72

Figiúr 5.4.1.1: Toradh an Tríú Ceist: “Déan cur síos ar do chuid Gaeilge, le do thoil”




Figiúr 5.4.1.2: Toradh an Ochtú Ceist: “Déan cur síos ar an chineál Gaeilge atá ag do thuismitheoirí / caomhnóirí, le do thoil”

Ins an tríú ceist ar an cheistneoir, iarradh ar fhaisnéiseoirí cur síos a dhéanamh ar a gcumas Gaeilge (Figiúr 4.4.1.1). Tá sciar mór d'iomlán na scoláirí meánscoile ina gcainteoirí maithe Gaeilge, dar leo féin. Deir beagnach 10% go bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu, deir 23.61% go bhfuil Gaeilge líofa acu, agus deir 47.22% go bhfuil Gaeilge réasúnta acu (figiúr 4.4.1.1). Fágann sin go bhfuil 80.55% d'fhaisnéiseoirí an tsuirbhé den bharúil go bhfuil caighdeán áirithe Gaeilge acu. Ní mór a thabhairt san áireamh go raibh na scoláirí seo ag freastal ar an dara leibhéal agus iad i mbun an tsuirbhé, agus tá gach seans gur chuir sin claonadh áirithe ar thorthaí an tsuirbhé. Ní gá i gcónaí go mbeidh Gaeilge réasúnta ag duine le go n-éireodh go breá leis/léi i gcomhthéacs an chórais oideachais. Ní amháin go bhfuil féinmheasúnú i gceist le linn an tsuirbhé, ach níl ach dhá scoil dara leibhéal a mbaineann le scoláirí an LPT ag feidhmiú trí Ghaeilge, mar atá Coláiste Ailigh i Leitir Ceanainn agus Gairmscoil Chú Uladh i mBéal an Átha Móir, agus níl bunús daltaí meánscoile an LPT ag freastal ar cheachtar scoil san am i láthair.

Iarradh ar scoláirí an tsuirbhé cur síos a dhéanamh ar an chineál Gaeilge atá ag a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí i gCeist a hOcht den tsuirbhé. Fágadh catagóirí na bhfreagraí mar an gcéanna, .i. Gaeilge ó dhúchas, Gaeilge Líofa, Gaeilge réasúnta maith, beagán Gaeilge, gan Gaeilge ar bith, níl a fhios agam. D'fhreagair 16 scoláire (22.54%) go raibh Gaeilge ó dhúchas ag tuismitheoir / caomhnóir 1, agus d'fhreagair 3 scoláire (4.23%) go raibh Gaeilge ó dhúchas ag tuismitheoir / caomhnóir 2. D'fhreagair 11 scoláire (15.49%) go raibh Gaeilge líofa ag tuismitheoir / caomhnóir 1, agus 3 scoláire (4.23%) go raibh Gaeilge líofa ag tuismitheoir / caomhnóir 2. I dtaca le Gaeilge réasúnta maith, d'fhreagair 17 scoláire (23.94%) go raibh amhlaidh ag tuismitheoir / caomhnóir 1, agus go raibh Gaeilge réasúnta maith ag tuismitheoir / caomhnóir 2 i gcás 6 scoláire (8.45%). Tá formhór na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí ins an cheathrú rannóg, áfach, sé sin go bhfuil siad ar bheagán Gaeilge. D'fhreagair 19 scoláire (26.76%) go bhfuil tuismitheoir / caomhnóir 1 ar bheagán Gaeilge, agus d'fhreagair 40 scoláire (56.34%) go bhfuil tuismitheoir / caomhnóir 2 ar bheagán Gaeilge.

5.4.2. Cleachtas Teanga na Scoláirí

Feictear anseo cuid de na staitisticí is tábhachtaí a bhaineann le cleachtas teanga scoláirí meánscoile an LPT. Tá na torthaí ar fad a bhaineann le Suirbhé na nIarbhunscoileanna le fáil in Aguisín 3.



Figiúr 5.4.2.1: Toradh an Seachtú Ceist: “Cén teanga / cé na teangacha atá agaibh sa bhaile?”


Feictear anseo toradh an seachtú ceist: “Cén teanga / cé na teangacha atá agaibh sa bhaile?” Is ábhar imní gan amhras an céatadán daoine a labhraíonn Gaeilge sa bhaile. D’fhreagair 26 scoláire (36.62%) nach labhraítear ina gcuid dtithe ach Béarla. Ins na tithe a bhfuil an Ghaeilge á labhairt, i gcás formhór na dtithe sin, tá an Béarla in uachtar go sonrach. Deir beagnach 55% de scoláirí an tsuirbhé (39 scoláire, 54.93%), go bhfuil níos mó Béarla ná Gaeilge in úsáid ina gcuid tithe. Níor fhreagair scoláire ar bith go bhfuil an Ghaeilge amháin in úsáid sa bhaile, agus níor fhreagair ach 6 scoláire (8.45%) go bhfuil an Ghaeilge in uachtar ina dtithe siúd.

Q10

Customize Export

Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas? / How often do you speak Irish to the following people?

Answered: 71 Skipped: 1



	I GCÓNAÍ NÓ BEAGNACH I GCÓNAÍ / ALWAYS OR ALMOST ALWAYS	GO MINIC / OFTEN	ANOIS IS ARÍS / NOW AND AGAIN	GO HANNAMH / RARELY	RIAMH / NEVER	NÍ BHINEANN AN CHEIST SEO LIOM / THIS QUESTION DOESN'T APPLY TO ME	TOTAL	WEI AVE
Tuismitheoir/Caomhnóir 1 / Parent/Guardian 1	4.23% 3	21.13% 15	23.94% 17	25.35% 18	25.35% 18	0.00% 0	71	
Tuismitheoir/Caomhnóir 2 / Parent/Guardian 2	0.00% 0	4.23% 3	19.72% 14	25.35% 18	50.70% 36	0.00% 0	71	
Deartháir(eacha)/Deirfiúr(acha) / Brother(s)/Sister(s)	0.00% 0	12.68% 9	25.35% 18	26.76% 19	28.17% 20	7.04% 5	71	

Figiúr 5.4.2.2: Toradh an Deichiú Ceist: “Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas?”

Fictear anseo líon na scoláirí atá ag labhairt Gaeilge lena dtuismitheoirí / gcaomhnóirí agus lena ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha. Léirítear laghad na scoláirí atá ag úsáid na Gaeilge i measc a gcuid siblíní (12.68% - go minic; 25.35% - anois is arís). Seans go n-imríonn teanga na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí tionchar mór ar rogha teanga na bpáistí, ach caithfear rogha teanga na bpáistí a mhealladh i dtreo na Gaeilge.

5.4.3. Dearccháí Teanga na Scoláirí

Díríodh Ceist a 16 go sonrath ar dhearccháí na scoláirí ar ghnéithe éagsúla den teanga. Bhí go leor pointí eolais mar chuid den cheist, agus mar sin is fearr tábla na sonraí ag bun an cheistneora ar SurveyMonkey a chur ar fáil anseo. Tá na torthaí ar fad a bhaineann le Suirbhé na nIarbhunscóileanna le fáil in Aguisín 3.

Q16

An aontaíonn/easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas? / I agree/disagree with the following statements?

Answered: 67 Skipped: 5

	AONTAÍM GO MÓR / STRONGLY AGREE	AONTAÍM / AGREE	NÍL A FHIOS AGAM/NÍL TUAIRIM LAIDIR AGAM / I DON'T KNOW/I HAVE NO STRONG OPINION	EASAONTAÍM / DISAGREE	EASAONTAÍM GO MÓR / STRONGLY DISAGREE	TOTAL
Is maith liom an Ghaeilge / I like Irish	38.81% 26	43.28% 29	10.45% 7	4.48% 3	2.99% 2	67
Spreagann mo thuismitheoirí mé le Gaeilge a labhairt / My parents encourage me to speak Irish	26.87% 18	23.88% 16	28.36% 19	16.42% 11	4.48% 3	67
Is fearr liom Béarla a labhairt ná Gaeilge / I prefer to speak English rather than Irish	16.42% 11	44.78% 30	22.39% 15	13.43% 9	2.99% 2	67
Níl muinín agam as mo chuid Gaeilge / I am not confident about my Irish	16.42% 11	20.90% 14	20.90% 14	29.85% 20	11.94% 8	67

<p>▼ Ba chuma liom gan Gaeilge ar bith bheith á labhairt sa bhaile sa Ghaeltacht / I wouldn't care if nobody spoke Irish at home in the Gaeltacht</p>	4.48% 3	11.94% 8	25.37% 17	37.31% 25	20.90% 14	67
<p>▼ Má labhraíonn duine Gaeilge liom, freagraím i nGaeilge iad i gcónaí / If someone speaks Irish to me, I always answer them in Irish</p>	32.84% 22	40.30% 27	8.96% 6	16.42% 11	1.49% 1	67
<p>▼ Amharcaim ar chláiracha Gaeilge ar an teilifís go minic / I often watch Irish language TV programmes</p>	2.99% 2	19.40% 13	20.90% 14	41.79% 28	14.93% 10	67
<p>▼ Ní fhóireann an Ghaeilge do shaol an duine óig sa lá atá inniu ann / Irish isn't suitable for young people's lives these days</p>	2.99% 2	4.48% 3	11.94% 8	32.84% 22	47.76% 32	67

Figúr 5.4.3.1: Toradh an Séú Ceist Déag: “An aontaíonn / easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?”

Nochtadh go leor eolas tábhachtach maidir le dearcthaí na scoláirí fán Ghaeilge agus fán Ghaeltacht ins an cheist seo. Feictear ceithre ráiteas éagsúla de chuid na ceiste:

- Is maith liom an Ghaeilge

Feictear, díreach cosúil leis na suirbhéanna eile de chuid an taighde, go bhfuil dearcadh dearfach ag na scoláirí i dtaobh na Gaeilge. D’aontaigh 26 scoláire (38.81%) go mór leis an ráiteas seo, agus d’aontaigh 29 scoláire (43.28%) leis an ráiteas go ginearálta. Fágann sin go bhfuil breis agus 82% de scoláirí iomlána an tsuirbhé i bhfabhar na Gaeilge. Nuair a bhaintear an seachtar a d’fhreagair ‘níl fhios agam / níl tuairim láidir agam’ as an áireamh, níl ach líon an-bheag atá i gcoinne na Gaeilge go teoriciúil, agus is ábhar dóchais sin.

- Ba chuma liom gan Gaeilge ar bith á labhairt sa bhaile sa Ghaeltacht

Feictear anseo fosta go bhfuil bá mhór ag scoláirí an LPT leis an Ghaeilge sa Ghaeltacht. Níl ach 3 scoláire (4.48%) a aontaíonn go láidir leis an ráiteas, agus 8 scoláire (11.94%) a aontaíonn leis an ráiteas. Fágann sin go bhfuil tromlach mór na bhfreagróirí báúil le stádas na Gaeltachta ina gceantair dúchais a chaomhnú.

- Má labhraíonn duine Gaeilge liom, freagraím as Gaeilge iad i gcónaí

Feictear go bhfuil na faisnéiseoirí anseo ag teacht le dearcadh na bpáistí bun scoile ar an cheist seo. Deir breis agus 73% de scoláirí an tsuirbhé (22 scoláire [32.84%] a aontaíonn go láidir agus 27 scoláire [40.30%] a aontaíonn leis an ráiteas) go bhfreagraíonn siad as Gaeilge nuair a thosaítear comhrá Gaeilge leo. Léiríonn na figiúirí seo go mbeidh toil ag scoláirí an tsuirbhé an Ghaeilge a labhairt ach iad a ghríosadh chun labhairt i nGaeilge agus is fiú díriú ar an mheon dearfach seo.

- Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó deiseanna ag daoine óga a gcuid Gaeilge a úsáid

Ag tacú leis na figiúirí a luadh thuas, is léir go mbeidh scoláirí meánscoile an LPT toilteanach tuilleadh Gaeilge a labhairt ach na comhthéacsanna cuí a chur ar fáil. D’fhreagair 25 scoláire (37.31%) go n-aontaíonn siad go láidir leis an ráiteas thuas. Nuair a chuirtear líon na bhfreagróirí sin leo siúd a aontaíonn leis an ráiteas (26 scoláire - 38.81% den tsuirbhé), is pictiúr soiléir é ar cheann de na

deacrachtaí is mó atá le sonrú san LPT. Dar leis na scoláirí, bheadh siad sásta tuilleadh Gaeilge a labhairt ach spásanna agus deiseanna a bheith ann ina mbeidh seans acu Gaeilge a labhairt.

Fágadh bosca tráchtairachta ag deireadh an tsuirbhé chomh maith, rud a thug deis do na daltaí meánscoile a gcuid tuairimí fhéin a chur in iúl maidir le rudaí a mheas siadsan a bheadh ina gcuidiú dóibh a gcuid Gaeilge a úsáid. Seo a leanas cuid de na rudaí a tháinig chun solais sa bhosca tráchtairachta sin:

Showing 22 responses

<input type="checkbox"/>	Cumann Pheil Ghaelach nó Cumann Sacair nach labhraítear ach Gaeilge ann	6/15/2018 11:27 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Níos mó imeachtaí as Gaeilge	6/15/2018 11:01 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	If there wasn't a stigma around people speaking Irish in this country, I know there would be more people using it in daily life	6/15/2018 10:54 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Níos mó béime ar an Ghaeilge sa scoil	6/15/2018 10:07 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Níos mó béime ar an Ghaeilge sa bhunscoil	6/15/2018 10:00 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Ranganna idirghníomhacha sna scoileanna	6/15/2018 9:54 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Nach mbeidh daoine scanraithe an Ghaeilge a labhairt	6/15/2018 9:49 AM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Níos mó deiseanna labhartha	6/14/2018 3:17 PM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Ag tosú leis an Ghaeilge níos óige sa scoil (*eagarthóireacht déanta ag CPT)	6/14/2018 2:56 PM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	Sílím gur chóir dúinn níos mó Gaeilge a labhairt sa scoil agus níos mó Gaeilge a labhairt sa cheantar.	5/25/2018 6:05 PM	View respondent's answers	Add Tags ▼
<input type="checkbox"/>	More emphasis put on it in school. Fluent teachers . An award like gaisce but through irish. Lunchtime activities but in irish. A day trip to			

Figure 5.4.3.2: Na freagraí a tugadh

5.4.4. Conclúid bheag ar Shuirbhé na nIarbhunscoileanna

Creidtear go bhfuil torthaí dearfacha le brath ins an suirbhé a cuireadh ar na daltaí meánscoile de bhunadh an LPT. Is léir go bhfuil meon dearfach ag formhór na scoláirí maidir leis an Ghaeilge, agus go bhfuil fonn orthu an Ghaeilge a labhairt níos forleithne go ginearálta ach na deiseanna agus na comhthéacsanna sin a leathnú.

Is ábhar spéise an méid scoláirí a deir go bhfuil greim maith nó iontach maith acu ar an Ghaeilge, go háirithe i bhfianaise an méid acu nach bhfuil á labhairt go minic sa bhaile. Tá moladh tuillte ag na bunscoileanna agus ag na meánscoileanna sa LPT agus sna ceantracha máguaird as an bhunchloch seo a leagan.

Is í an deacracht is mó a fháisceann as an suirbhé seo, de réir dealraimh, nó an easpa spásanna atá ar fáil chun an Ghaeilge a labhairt sa bhaile, sa chomharsanacht agus sa scoil. Mar a luadh, níl ach dhá scoil Ghaeilge a mbíonn scoláirí dara leibhéal an LPT ag tarraingt orthu, mar atá Coláiste Ailigh i Leitir Ceanainn agus Gairmscoil Chú Uladh i mBéal an Átha Móir (Tá sruth Gaelach i bPobalscoil Chloich Cheann Fhaola ar an Fhál Charrach fosta). Creidtear gurb é ceann de na céimeanna is tábhachtaí in ullmhú an Phlean Teanga seo nó go gcuirfear rogha scoil Ghaeilge ar fáil ag an dara leibhéal do scoláirí agus do thuismitheoirí an cheantair, le gur féidir comhthéacsanna a chrúthú ina mbeadh fáilte roimh an Ghaeilge agus na scoláirí a labhairt eatarthu féin.

5.5. Agallaimh Leath-Struchtúrtha

Chuaigh an Comhairleoir Teanga i mbun agallamh leath-struchtúrtha le linn an tsamhraidh le grúpaí tábhachtacha a mbíonn baint acu le cúrsaí Gaeilge agus le cúrsaí pobail go ginearálta sa LPT. Sonraítear na grúpaí éagsúla thíos, de réir ceantair:

Coistí, Gnónna an Tearmainn: Pleanáil Teanga an Tearmainn, CLG an Tearmainn, Comhlacht Forbartha an Tearmainn CTR

Coistí, Gnónna Fhánada: Gaeltacht Bheo Fhánada, CLG Gaeil Fhánada, Lighthouse Tavern, Teach Solais Fhánada

Coistí, Gnónna Charraig Airt: Coiste Bailte Slachtmhara Charraig Airt, Caisleán na dTuath, Moving Meevagh Forward, Ceimiceoir Charraig Airt, Centra, Caife na Sráide, Micky Joes

Coistí, Gnónna sna Dúnaibh: An Síbin Ceoil, Downings Bay, Harbour Bar, CLG Na Dúnaibh, Siopa McBrides, Beach Hotel , Céim Aniar CTR

Coistí, Gnónna Ceantracha Eile: Coiste Gaelach Ghleann Domhain, Coiste Forbartha Ghleann Bhairr

Naíonraí & Scoileanna Náisiúnta: Stiúrthóir Duibhleann Riach, Naíonra na Dúnaibh, Naíonra Fhánada, Naíonra an Tearmainn, Scoil an Ghlasáin, Scoil an Chaisil, Scoil na nDúnaibh, Scoil Dhuibhleann Riach, Scoil an tSrátha Mhóir, Scoil Cholmcille an Tearmann, Mait Ó Brádaigh, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Sagairt Paróiste: An tAthair Pat McGarvey, An tAthair Cathal Ó Beirne

Ní liosta le háireamh atá sa liosta thuas, ach creidtear go bhfuair an Comhairleoir Teanga léargas maith ar mhianta agus dhearcthaí baill tábhachtacha de chuid an LPT trí chéile. Díríodh go príomha sna hagallaimh seo ar na bearta teanga a chuirfear leis an Phlean Teanga seo, agus d'éascair go leor samplaí de bhearta éifeachtacha ó na cruinnithe seo. Tá an Comhairleoir Teanga faoi chomaoin ag na daoine agus ag na grúpaí a luadh thuas as a bheith sásta bualadh leis agus nithe den Phlean Teanga seo a phlé.

5.6 English Summary of Mír a 5 – Research Results

This chapter discusses some of the more important points that came up during the extensive research period undertaken by the Steering Committee. Four significant research steps were undertaken:

- The General Household Survey (Suirbhé na dTithe) which was delivered to every dwelling within the LPT.
- The Primary School Survey (Suirbhé na mBunscoileanna) which was aimed at 5th and 6th class pupils in the six primary schools within the LPT area.
- The Post-Primary School Survey (Suirbhé na nIarbhunscoileanna) which was aimed at second level students from the LPT and was sent to five different post-primary schools in the surrounding area.
- Semi-structured interviews with various people and groups within the LPT

All three surveys were bilingual, and all three were very well filled, for which the Steering Committee is very grateful. All three surveys can be found in the appendixes at the end of this Language Plan, and the data collected along with the individual responses to all three surveys have served as the backbone for the North Donegal LPT Language Plan. The semi-structured **interviews** afforded the Language Coordinator a unique opportunity to meet important spokespeople within the committee who shared excellent insights and whose ideas, along with survey results, formed a lot of the sample policies which shaped this Language Plan.

Mír a 6 – Bearta an Phlean Teanga

6.1. Réamhrá

Is plean ilghnéitheach cuimsitheach é plean teanga LPT Tuaisceart Dhún na nGall. Braitheann toradh na hoibre agus todhchaí na Gaeilge sa LPT araon ar a éifeachtaí agus a chuirfear na bearta a leanas i bhfeidhm agus ar fhorbairtí cuí a thiocfas as na bearta in imeacht ama. Bunaítear iomlán na mbeart ar thuairimí an phobail agus ar na moltaí a luadh le linn an taighde a rinneadh sa LPT. Creidtear go bhfuil na bearta ar fad ag cloí go dlúth le dearcthaí agus le mianta an phobail. Tabharfar tréimhse seacht mbliana don LPT leis an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm. Déantar scagadh ar na bearta a chuirfear i bhfeidhm sa chéad bhliain, sa dara bliain agus araile, agus tá clár ama na mbeart iad féin le feiceáil go soiléir i Mír a 9. Creidtear gur moltaí iad seo atá indéanta, réalaíoch agus a rachadh chun leasa an phobail agus na Gaeilge sa cheantar ar fad. Tá an Cheanneagraíocht, an Coiste Stiúrtha, an Comhairleoir Teanga agus na grúpaí leasmhara éagsúla a bhaineann le saol na Gaeilge sa LPT sásta leis na moltaí, ach is fiú a dheimhniú athuair go mbaineann an plean teanga seo le hiomlán an phobail agus gabhtar buíochas as cuimse arís leis an phobal as an méid tacaíochta a tugadh le linn réiteach na mbeart teanga.

Sonrófar thíos na moltaí teanga atá againn mar phobal, bunaithe ar an eolas a bailíodh mar chuid den phróiseas pleanála teanga seo. Déanfar tagairt do réimsí na mbeart agus do na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart. Gheofar liosta na gcritéir pleanála teanga ar leathanach 35 den cháipéis Treoirlínte Pleanála Teanga - Eagrán 4: Eanáir 2018 ar shuíomh Údarás na Gaeltachta. Soláthrófar na bearta seo bunaithe ar na réimsí éagsúla thíos (An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, 2018: 53):

- A) An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B) Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochtaí teaghlaigh (lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga);
- C) Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- D) Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
- E) An Earnáil Ghnó;
- F) Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn (lena n-áirítear seirbhísí eaglasta);
- G) Na Meáin Chumarsáide;
- H) Seirbhísí Poiblí;
- I) Pleanáil & Forbairt Fhisiceach;
- J) Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire;
- K) Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

An English summary of all measures are available in Mír a 10

6.2. Struchtúr Feidhmithe an Phlean

6.2.1. Céim Aniar CTR agus Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall a athcheapadh agus a leathnú amach
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge) & F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart (Critéir PT feasta)	1, 19
Aidhm an Bhirt	Coiste buan a bhunú a thabharfaidh tacaíocht d’achan bheart sa phlean agus a fheidhmeoidh mar choiste stiúrtha i gcomhar leis an Oifigeach Teanga chun leas na Gaeilge i LPT Tuaisceart Dhún na nGall
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ionadaíocht chuí ar na pobail éagsúla i LPT Tuaisceart Dhún na nGall (na ceantair / aoisghrúpaí éagsúla) • Eolas agus aiseolas a scaipeadh i measc an phobail • Treoir, cuidiú & comhairle a thabhairt don Oifigeach Teanga
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtí) Cumainn & Eagraíochtaí an LPT (rannpháirtithe) Baill an Phobail (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Coiste a cheapadh Bliain 1 – 7: Feidhmiú an Bhirt
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann
Dúshlán an Chur i bhfeidhm (Dúshlán feasta)	Rannpháirtíocht an phobail/ baill na heagraíochtaí éagsúla a choinneáil le linn feidhmiú an Phlean Teanga
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Próiseas oscailte a chothú a léireoidh tábhacht na hoibre seo d’iomlán an LPT
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinniú athbhreithnithe achán sé mhí

6.2.2. Ceapadh Oifigeach Teanga

Beart	Oifigeach Teanga a cheapadh a chuirfidh bearta an Phlean Teanga i bhfeidhm
Réimsí an Bhirt	A – J
Critéir PT	3, 8, 10, 11, 12, 19
Aidhm an Bhirt	Oifigeach Teanga cumasach a cheapadh a chuirfidh an Plean Teanga seo i bhfeidhm & a chuirfidh leis an phlean le moltaí / bearta eile in imeacht ama
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Oifigeach Teanga a fhostú le comhordú a dhéanamh ar feidhmiú & monatóireacht a dhéanamh ar bhearta an Phlean Teanga • B’fhearr duine a cheapadh a mbeadh taithí agus cáilíocht aige/aici ar phleanáil teanga / forbairt pobail • Bheadh saoirse ag an Oifigeach Teanga le bearta a fhorbairt, moltaí eile a chumadh de réir mar a leantar leis an Phlean Teanga seo • Bheadh caidreamh mhaith tábhachtach óir beidh an tOifigeach Teanga ag obair leis an Choiste Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara sa LPT • Bheadh cruinnithe rialta (ar a laghad uair achán trí mhí) i gceist leis an Choiste Stiúrtha nua-cheaptha agus le heagraíochtaí pobail eile sa LPT
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir)

	Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtí) Grúpaí / Eagraíochtaí / Gnónna srl. an cheantair (rannpháirtithe) Baill aonaracha an phobail (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: próiseas earcaíochta, Oifigeach Teanga a cheapadh, oifig(i) a aimsiú don Oifigeach Teanga Bliain 1 – 7: Feidhmiú Bhearta an Phlean Teanga
Costas Measta Iomlán	Eolas maidir le tuarastal an Oifigh Teanga le sonrú i Mír a 7
Dúshlán	Iarrthóirí cuí a aimsiú le tabhairt faoin ról tábhachtach seo
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	An post a fhógairt go fairsing, chan amháin sa LPT, ach go náisiúnta sna meáin chumarsáide thraidisiúnta agus nua. Más gá traenáil a chur ar an Oifigeach Teanga le linn tréimhse a f(h)ostaithe, déanfar sin
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinnithe rialta le Céim Aniar CTR, leis an Choiste Stiúrtha agus le heagraíochtaí / cumainn / baill eile an LPT

6.2.3. Seoladh Oifigiúil Phlean Teanga LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Seoladh Oifigiúil Phlean Teanga Tuaisceart Dhún na nGall
Réimsí an Bhirt	K
Critéir PT	2, 12, 13
Aidhm an Bhirt	An Plean Teanga a sheoladh agus an deis a thapú le haird an phobail & na tíre a dhíriú ar chúrsaí Gaeilge sa LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Feasacht a ardú ar an ócáid trí fhógraíocht a dhéanamh ar na meáin chumarsáide thraidisiúnta & nua • Bhéarfadh torthaí na suirbhéanna deis don phobal bheith ag smaointiú ar staid reatha na Gaeilge sa LPT, agus ar an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga seo don ghlúin óg sa LPT • Nasc a léiriú don phobal idir torthaí an taighde agus bhearta an Phlean Teanga
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) An tOifigeach Teanga / Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: A luaithe agus a cheapfar an tOifigeach Teanga
Costas Measta Iomlán	€2,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€2,500 i mBliain a 1
Dúshlán	Ní mheastar go mbeidh mórdhúshlán anseo
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinniú athbhreithnithe idir Oifigeach Teanga, Céim Aniar CTR agus Choiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall i ndiaidh an tseolta

6.2.4. Taithí & Léargas an Chomhairleora Teanga

Beart	Eolas & Taithí a bailíodh le linn an phróisis taighde a sholáthair
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)
Critéir PT	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Eolas, taithí agus comhairle an Chomhairleora Teanga a fháil nuair is gá

Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall Comhairleoir Teanga LPT Tuaisceart Dhún na nGall
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€10, 500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,500 (€50 x 30 uair sa bhliain)
Dúshláin	Ní bhaineann
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aon chomhairle a thugtar a choinneáil ar an taifead

6.2.5. Oifig(i) an Oifigh Teanga

Beart	Oifig nó oifigí a réiteach don Oifigeach Teanga sa LPT
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)
Critéir PT	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Áit nó áiteanna oibre a chur ar fáil don Oifigeach Teanga sa LPT, fón & trealamh oifige a sholáthar
Páirtithe Leasmhara	Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall Oifigeach Teanga LPT Tuaisceart Dhún na nGall
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Eolas maidir le costais oifige le sonrú i Mír a 7
Dúshláin	Áiteanna oiriúnacha a aimsiú sa LPT
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Creidtear gur féidir leas a bhaint as suíomhanna Údarás na Gaeltachta sa LPT, oifig Chéim Aniar mar shampla
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Ní bhaineann

6.3. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Agus cúrsaí oideachais á bplé i LPT Tuaisceart Dhún na nGall, caithfear aghaidh a thabhairt ar cheann de na rudaí is mó atá ina bhac do go leor páistí scoile sa cheantar, mar atá an easpa oideachais lán-Ghaeilge atá ar fáil ag an dara leibhéal sa LPT fhéin. Díritear sna bearta seo a leanas ar chúrsaí luathoideachais agus bunscoile don chuid is mó, ach tá Beart 5.3.6 ag díriú ar cheist an oideachais Ghaeilge ag an dara leibhéal go sonrach. Seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 sa bhliain 2016 agus tá critéir an pholasaithe sin á gcomhlíonadh faoi láthair ag sé bhunscoil as na seacht mbunscoil sa cheantar. Tacóidh na bearta seo a leanas leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022, leis.

6.3.1. Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (Gach Leibhéal)

Beart	Tacaíocht a thabhairt mar gheall ar fheidhmiú Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais) agus B (Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochtaí Teaghlaigh)
Critéir PT	5, 6, 7, 8, 9
Aidhm an Bhirt	Cuidiú agus tacaíocht phraiticiúil a thairiscint agus a thabhairt d'ionaid oideachais an cheantair atá ag cloí le feidhmiú Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Cruinnithe a reáchtáil le príomhoidí scoile & le stiúrthóirí naíonraí le tacaíocht ar bith a iarrtar a thabhairt dóibh maidir le cur i bhfeidhm an pholasaithe
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Príomhoidí bunscoile an cheantair (rannpháirtithe) Stiúrthóirí naíonraí an cheantair (rannpháirtithe) Tuismitheoirí le páistí scoile (rannpháirtithe) An Roinn Oideachais & Scileanna (rannpháirtithe) Príomhoidí meánscoileanna Gaeilge an cheantair máguaird (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Clúdófar an costas mar chuid de bhuiséad an Oifigigh Teanga
Dúshlán	Seans go mbeadh scoileanna / naíonraí buartha go ndéanfar comparáidí eatarthu maidir le héifeacht an oideachais, srl. le linn na gcruinnithe
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	An t-eolas a chur chucu roimh ré faoi spriocanna na gcruinnithe agus caidreamh oscailte a chothú idir an tOifigeach Teanga agus na príomhoidí, stiúrthóirí srl.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Tuairiscí le scríobh ó na cruinnithe agus ó chomhfhreagrais eile a bhaineann

6.3.2. Fóram Oideachais Ghaeilge LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Fóram Oideachais Ghaeilge do LPT Tuaisceart Dhún na nGall a bhunú
Réimsí an Bheirt	A (An Córas Oideachais)
Critéir PT	5, 6, 7, 8, 9
Aidhm an Bhirt	Fóram a bhunú inár féidir le páirtithe tábhachtacha a bhaineann le cúrsaí oideachais sa cheantar (príomhoidí scoile, stiúrthóirí naíonraí) a tharraingt le chéile.
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • D'fhéadfaí cruinnithe a reáchtáil uair sa bhliain leis na páirtithe a luaitear thuas, inár féidir moltaí & inní na rannpháirtithe a léiriú • Chothófaí nascanna níos láidre idir na hionaid oideachais éagsúla sa LPT • Bheadh seasamh níos láidre ag scoileanna / naíonraí mar ghrúpa amháin stocaireachta más gá acmhainní / tacaíochtaí a lorg ón Roinn Oideachais & Scileanna • Chuirfeadh na cruinnithe ardán ar fáil le gur féidir leis na páirtithe na nithe a d'oibrigh go maith sa seomra ranga a mhalartú ar a chéile • D'fhéadfaí imeachtaí idir na scoileanna srl. a phlé agus go n-eagródh an tOifigeach Teanga iad ansin • Seans go gcinnteodh a leithéid d'fhóram go rachadh páistí ó naíonraí lán-Ghaeilge go bunscoileanna Gaeltachta
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (Príomhúinéir) Príomhoidí bunscoile an cheantair (rannpháirtithe) Stiúrthóirí naíonraí an cheantair (rannpháirtithe) Múinteoirí & baill oibre eile na n-ionad thuasluaite (rannpháirtithe) Bord bainistíochta na n-ionad thuasluaite (rannpháirtithe) Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) Gaeloideachas (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Clúdófar an costas mar chuid de bhuiséad an Oifigh Teanga
Costas Measta i ndiaidh na Bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	An Roinn Oideachais agus Scileanna An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Údarás na Gaeltachta
Dúshlán	Suim na rannpháirtithe ar fad a choinneáil san Fhóram le linn na seacht mbliana
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Léireodh an tOifigeach Teanga tábhacht agus buntáistí an Fhórait
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe ag an fhóram achan bhliain agus tuairiscí a choinneáil ar na cruinnithe ar fad

6.3.3. Seisiún Eolais do Thuismitheoirí an LPT

Beart	Seisiún eolais a reáchtáil do thuismitheoirí na bpáistí scoile & na naíonraí maidir le buntáistí an tumoideachais Ghaeilge dá bpáistí
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)
Critéir PT	5, 6, 8, 9
Aidhm an Bhirt	Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a ghabhann leis an tumoideachas d'fhonn iad a chur ag machnamh faoina roghanna teanga sa bhaile & chun go ndéanfadh siad tuilleadh machnaimh ar rogha bhunscoile & mheánscoile a bpáistí
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Bheadh an seisiún is éifeachtaí ag tús na scoilbhliana agus d'fhéadfaí eolas leanúnach a chur in iúl fríd na scoileanna agus na naíonraí Reáchtálfai na seisiúin go dátheangach, agus bheadh deis ag tuismitheoirí ceisteanna a chur Bheadh na seisiúin á rith i gcomhpháirt le Comhar Naíonraí na Gaeltachta / Gaelscoileanna / COGG
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) Gaelscoileanna (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe) Príomhoidí scoile & stiúrthóirí naíonraí & baill foirne (Rannpháirtithe) Tuismitheoirí na bpáistí (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	13 Seisiún (6 Naíonra + 7 mbunscoil) i mBliain a 1, 14 Seisiún Bliain 2 – 7 (Naíonra Ghleann Domhain) x €200 (airgid taistil d'aoichainteoir) = €19,400
Costas Measta in aghaidh na bliana	Bliain a 1: €2,600 Bliain 2 – 7: €2,800
Foinsí Maoinithe	An Roinn Oideachais & Scileanna An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Comhar Naíonraí na Gaeltachta Gaelscoileanna COGG
Dúshláin	Tuismitheoirí a ghríosadh le freastal ar na seisiúin eolais, ceisteanna a chur
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Seisiúin a reáchtáil dírithe ar scoileanna, naíonraí aonair & tábhacht na seisiún a chur ar a súile do thuismitheoirí
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar fhreastal na gcruinnithe & aiseolas a lorg ó pháirtithe leasmhara ina ndiaidh

6.3.4. Tacaíochtaí Teanga do Thuismitheoirí Pháistí Bunscoile an LPT

Beart	Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí pháistí bunscoile an LPT
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais), B(Tacaíochtaí Teaghlaigh) & D (Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais)
Critéir PT	7, 8, 11
Aidhm an Bhirt	Deiseanna a thabhairt do thuismitheoirí ar bheagán Gaeilge tacaíocht a thabhairt dá bpáistí sa bhaile
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Ceardlanna a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le foclóir, téarmaíocht agus eile a bhaineann le hábhair scoile a bpáistí ar an

	<p>bhunscoil</p> <ul style="list-style-type: none"> • Reáchtálfar na ceardlanna sna bunscoileanna féin i ndiaidh nó le linn am scoile • D'fhéadfaí maidineacha caife a reáchtáil do thuismitheoirí na scoile chomh maith le himeachtaí sóisialta eile • D'fhéadfaí eolas a scaipeadh maidir le ranganna eile Gaeilge sa LPT agus sa cheantar máguaird chomh maith • De réir mar a théann an tumoideachas i bhfeidhm sna bunscoileanna, feictear go mbeidh éileamh na gceardlann seo ag dul in airde
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Múinteoirí na gceardlann (rannpháirtithe) Príomhoidí agus baill foirne na mbunscoileanna (rannpháirtithe) Tuismitheoirí na bpáistí bunscoile (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	6 bunscoil x 4 seisiún = 24 seisiún x €50 [€40 = íocaíocht múinteora + €10 = costas cló] x 7 bliain = €8,400
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,200
Foinsí Maoinithe	Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall Údarás na Gaeltachta Gaelscoileanna COGG
Dúshláin feasta	Ábhair a dhearadh do na ceardlanna & imeachtaí sóisialta eile a eagrú a bheadh mealltach do thuismitheoirí
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Comhairle a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir lena leithéid de ranganna atá ar siúl in áiteanna eile faoi láthair
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aiseolas a bhailiú i ndiaidh na sraithe ceardlainne ó thuismitheoirí, mhúinteoirí na gceardlann agus ó bhaill foirne na scoileanna

6.3.5. Córas Iompair chuig Scoileanna Dara Leibhéal Gaeilge

Beart	Córas Iompair a chur ar fáil do pháistí a thabharfadh deis dóibh freastal ar an scoil dara leibhéal Gaeilge is cóngaraí dóibh
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)
Critéir PT	5, 12
Aidhm an Bhirt	Deis a thabhairt do pháistí leanstan leis an oideachas Gaeilge ag an dara leibhéal
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • San am i láthair, tá trí iar-bhunscoil Ghaeilge a d'fhéadfadh freastal ar pháistí an LPT, mar atá Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn, Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir & Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola ar an Fhál Charrach. Feictear gur céim riachtanach é do leas na Gaeilge sa LPT deis a thabhairt do pháistí leanstan leis an oideachas Gaeilge-dírithe ar an dara leibhéal. Chuige sin, cuirfear busanna ar fáil do pháistí an cheantair le freastal ar na scoileanna thuasluaite más mian leofa. • Meastar go n-ardódh an t-éileamh de réir mar a leantar leis an tumoideachas ag leibhéal na bunscoile
Páirtithe Leasmhara	An Roinn Oideachais & Scileanna (príomhúinéir) An tOifigeach Teanga (rannpháirtí)

	Príomhoidí na scoileanna thuasluaite (rannpháirtithe) Tuismitheoirí pháistí scoile (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Tiocfaidh na costais seo faoi scáth na Roinne Oideachais & Scileanna
Costas Measta in aghaidh na bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	An Roinn Oideachais & Scileanna
Dúshlán	1) Iompar a chinntiú do pháistí ar mhian leo freastal ar na scoileanna beag beann ar líon na bpáistí 2) Tuilleadh páistí a mhealladh chun an oideachais lánGhaeilge ar an dara leibhéal
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	1) Polasaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hiompar scoile a fhiosrú & teagmháil a choinneáil leo 2) Bolscaireacht a dhéanamh ar an rogha Ghaeilge ar an dara leibhéal ag tús achan scoilbhliana 3) Stocaireacht a dhéanamh le bainistíocht an dá mheánscoil atá lonnaithe i mBaile na nGallóglach le sruth Gaeilge a athbhunú agus dá réir oideachas trí Ghaeilge a sholáthair
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar líon na bpáistí a roghnaíonn an tseirbhís a úsáid agus cinntiú go n-ardaíonn an líon sin

6.3.6. Scéim na gCúntóirí Teanga

Beart	Scéim na gCúntóirí Teanga a chinntiú do bhunscoileanna Gaeltachta an LPT achan bhliain le linn saolré an Phlean Teanga
Réimsí an Bheirt	A (An Córas Oideachais)
Critéir PT	5, 6, 8
Aidhm an Bhirt	Cinnteoфар go leanfaidh Scéim na gCúntóirí Teanga ar aghaidh d’achan bhunscoil Ghaeltachta sa LPT i rith iomlán na scoilbhliana, agus go mbeidh maoiniú ar fáil achan bhliain dá réir
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Rachaidh an tOifigeach Teanga i mbun stocaireachta i gcomhpháirt leis na bunscoileanna Gaeltachta sa LPT chun todhchaí na scéime a chinntiú Cinnteacht a fháil in am tráth go mbeidh an scéim ar siúl & maoiniú ar fáil don chéad scoilbhliain eile
Páirtithe Leasmhara	Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (príomhúinéir) Príomhoidí na mbunscoileanna (rannpháirtithe) Baill foirne na mbunscoileanna (rannpháirtithe) Boird bainistíochta na mbunscoileanna (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe) Gaeloideachas (rannpháirtithe) Aontais éagsúla na múinteoirí, eagraíochtaí stocaireachta Gaeilge (Conradh na Gaeilge, Tuismitheoirí na Gaeltachta) (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Tiocfaidh aon chostas faoi thuarastal an Oifigigh Teanga
Dúshlán	Tacaíocht leanúnach a fháil ón státchóras
Conas a Shárófar na	Léiriú go bhfuil na rannpháirtithe ar fad thuasluaite ag seasamh le chéile ar an

Dúshláin sin	cheist
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cinnteacht Scéim na gCúntóirí Teanga thar saolré an Phlean Teanga

6.3.7. Clubanna Iarscoile do Pháistí Bunscoile an LPT

Beart	Clubanna iarscoile a thaiseacht do pháistí bunscoile an LPT & tacú le clubanna iarscoile reatha an LPT
Réimsí an Bheirt	A (An Córas Oideachais)
Critéir PT	8, 10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Clubanna iarscoile a thaiseacht a thabharfadh deis do pháistí tacaíochtaí Gaeilge sa bhreis a fháil maidir lena n-obair scoile
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá clubanna reatha sa cheantar cheana (.i. An Craobhín sa Tearmann). Glacfar leagan amach an chlub seo agus cuirfear i bhfeidhm in áiteanna eile sa LPT é. D'fhéadfaí na bunscoileanna fhéin a úsáid mar ionaid do na clubanna D'fhéadfaí daltaí meánscoile áitiúla san idirbhliain a fháil le tacaíocht a thabhairt, nó daoine áitiúla eile sa cheantar
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Príomhoidí na mbunscoileanna (rannpháirtithe) Daltaí meánscoile áitiúla (rannpháirtithe) Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall (rannpháirtithe) Gaelscoileanna (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe) COGG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€58,800
Costas in aghaidh na bliana	7 bunscoil x 3 sheisiún sa tseachtain x 20 seachtain (10 seachtain san Fhómhar, 10 seachtain san Earrach) = 420 seisiún x €20 = €8,400
Dúshláin	Daltaí meánscoile & daoine áitiúla a mhealladh le bheith páirteach sna clubanna iarscoile
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Dul i dteagmháil le meánscoileanna áitiúla agus daltaí a earcú & tábhacht na hoibre a chur ar a súile
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Líon na bpáistí a ghlacann páirt sna clubanna a thaifead agus cinntiú go dtagann fás ar na clubanna le linn saolré an Phlean Teanga

6.3.8. Scoláireachtaí LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Scoláireachtaí LPT Tuaisceart Dhún na nGall
Réimsí an Bheirt	A (An Córas Oideachais)
Critéir PT	5, 6, 12
Aidhm an Bhirt	Scoláireachtaí Gaeilge a bhronnadh ar mhic léinn / iníonacha léinn de chuid an LPT a thugann faoi chúrsa a bhaineann leis an Ghaeilge ag an tríú leibhéal
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Feictear leis na scoláireachtaí seo le daoine óga ón LPT a spreagadh le cúrsaí Gaeilge a dhéanamh ag an tríú leibhéal Roghnófar buaiteoirí na scoláireachtaí trí agallamh beag a reáchtáil leis an Oifigeach Teanga agus baill de Choiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall Beidh ar iarrthóirí foirm iarratais a leagan faoi bhráid an Choiste

	<p>Stiúrtha</p> <ul style="list-style-type: none"> • Feictear leis an bheart seo a thoiseacht i mBliain a 2, le go mbeidh am cuí le poiblíocht a dhéanamh ar dheiseanna scoláireachtaí • Beidh deis leis na scoláireachtaí seo bolscaireacht a dhéanamh ar obair an Choiste Stiúrtha sna meáin áitiúla agus cruthófar dea-choiblíocht i dtaobh na hoibre agus na Gaeilge sa LPT • Bheadh dhá scoláireacht i gceist achán bhliain; <ul style="list-style-type: none"> - Scoláireacht Leslie Lucas = iomlán na dtáillí do chúrsa fochéime - Scoláireacht Jimmy Begley = leathchuid na dtáillí do chúrsa fochéime
Páirtithe Leasmhara	<p>Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) An tOifigeach Teanga (rannpháirtí) Mic & Iníonacha léinn an LPT (rannpháirtithe) Múinteoirí an LPT (rannpháirtithe) Institiúidí Tríú Leibhéil (rannpháirtithe) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe)</p>
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7
Costas Measta Iomlán	€27,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€3,000 (Scoláireacht Leslie Lucas) + €1,500 (Scoláireacht Jimmy Begley) = €4,500
Dúshlán	Daoine a aimsiú le cur isteach ar na scoláireachtaí
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Bolscaireacht a dhéanamh ar na meáin áitiúla, agus sna scoileanna dara leibhéal ina bhfuil daltaí an LPT ag freastal
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Iarrfar ar na buaiteoirí tuairisc bheag a scríobh achán seimeastar ar na cúrsaí ollscoile, deiseanna gairmiúla don Ghaeilge srl.

6.4. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta, agus tacaíochtaí teaghlaigh (lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga)

6.4.1. Seisiúin Eolais do Thuismitheoirí Pháistí Naíonraí an LPT

Beart	Seisiúin eolais do thuismitheoirí pháistí naíonraí an LPT
Réimsí an Bhirt	B (réamhscolaíocht)
Critéir PT	7, 8, 9
Aidhm an Bhirt	Seisiúin eolais a reáchtáil le tuismitheoirí pháistí sna naíonraí éagsúla sa LPT, d'fhonn iad a spreagadh lena bpáistí a chur go bunscoileanna Gaeltachta an cheantair
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> I láthair na huaire, níl iomlán na bpáistí ag fágáil naíonraí Gaeltachta an LPT agus ag dul go bunscoileanna Gaeltachta an LPT. Creidtear má chuirtear tuilleadh eolais ar fáil do thuismitheoirí na bpáistí maidir leis na buntáistí oideachais agus eile a bhaineann le tumoideachas Gaeilge go gcuirfead níos mó páistí i dtreo na mbunscoileanna Gaeltachta D'fhéadfaí na seisiúin seo a reáchtáil achan bhliain / dhá bhliain ag tús na scoilbhliana sna naíonraí féin Cuirfead deis ar fáil do thuismitheoirí le ceisteanna a chur & reáchtálfar na seisiúin go dátheangach ar mhaithe le tuismitheoirí an LPT atá ar bheagán Gaeilge
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha Tuaisceart Dhún na nGall (príomhúinéir) Stiúrthóirí & baill foirne na naíonraí (rannpháirtithe) Tuismitheoirí pháistí na naíonraí (rannpháirtithe) Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) Muintearas (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Clúdaithe i mBeart 5.3.3 thuas
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Féach thuas
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh mórán deacrachtaí leis an bheart seo
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Súil a choinneáil ar líon na bpáistí a théann ó naíonraí go scoileanna Gaeltachta v scoileanna Béarla

6.4.2. Coiste Naíonraí LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Coiste Naíonraí LPT Tuaisceart Dhún na nGall a bhunú
Réimsí an Bheirt	B (réamhscolaíocht)
Critéir PT	7, 9
Aidhm an Bhirt	Nascanna a chrúthú idir stiúrthóirí agus baill foirne na naíonraí éagsúla d'fhonn go mbeidh cur chuige “meithle” maidir le dearadh ábhar agus réiteach fadhbanna srl.
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá comhoibriú ar siúl faoi láthair idir stiúrthóirí naíonraí, ach creidtear gur féidir an comhoibriú sin a láidriú agus tacú le naíonraí uile an LPT. D'fhéadfaí cruinniú a reáchtáil go bliantúil, nó cúpla uair le linn na bliana, a tharraingeodh na páirtithe leasmhara ar fad le chéile. Bheadh an tOifigeach Teanga ábalta an cruinniú a reáchtáil Bheadh tacaíocht na naíonraí uile ní ba láidre más gá tacaíochtaí

	breise a iarraidh ó údaráis an stáit
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtí) An tOifigeach Teanga (úinéir) Stiúrthóirí agus baill foirne na naíonraí (rannpháirtithe) Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an Oifigigh Teanga an beart seo
Costas Measta in Aghaidh na Bliana	Féach thuas
Dúshláin	1) Am agus suíomh a roghnú a oireann d’achan rannpháirtí thuas 2) An 2 naíonra atá ag feidhmiú as Béarla sa cheantar a mhealladh le bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Teagmháil agus caidreamh láidir a chruthú leis na rannpháirtithe ar fad agus cumarsáid rialta, oscailte a dhéanamh leo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil de na cruinnithe agus tuairisc a ullmhú ina ndiaidh

6.4.3. Tacaíochtaí Teanga do Thuismitheoirí Pháistí sna Naíonraí sa LPT

Beart	Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí pháistí na naíonraí LPT
Réimsí an Bhirt	B (réamhscolaíocht)
Critéir PT	7, 8, 9, 11
Aidhm an Bhirt	Tacaíochtaí a chur ar fáil do thuismitheoirí d’fhonn níos mó Gaeilge a spreagadh agus iad ag labhairt lena gcuid páistí sa bhaile
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ceardlanna beaga Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí ina gclúdaítear frásaí bunúsacha, praiticiúla a úsáidtear sna naíonraí, chomh maith le foclóir simplí • Leabhrán d’ábhar teagaisc na bliana (rannta, dánta srl.) a thabhairt do thuismitheoirí ag tús na scoilbhliana • Deis le heolas rialta maidir le buntáistí dátheangachais & an cur chuige is fearr leis an Ghaeilge a ghríosadh sa bhaile a roinnt leo
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtí) An tOifigeach Teanga (úinéir) Stiúrthóirí & baill foirne na naíonraí (rannpháirtithe) Tuismitheoirí pháistí na naíonraí (rannpháirtithe) Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€7,200
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 1; 6 Naíonra x 3 Seisiún = 18 x €50 [€40 (pá múinteora) + €10 (costas cló)] = €900 Bliain 2 – 7; 7 Naíonra x 3 seisiún = 21 x €50 [€40 (pá múinteora) + €10 (costas cló)] = €1,050
Foinsí Maoinithe	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
Dúshláin	Ábhair a dhearadh a bheadh oiriúnach don chomhthéacs agus an t-eolas is nuálaíoch maidir le cur chuige sealbhú teanga a lorg

Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Tá seans go mbeidh a leithéid de cheardlanna ar siúl cheana, agus bheifí ag súil le Comhar Naíonraí na Gaeltachta go leor eolais maidir le cur chuige teanga srl. a roinnt
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar fhreastal na gceardlann. Aiseolas na rannpháirtithe ar fad a fháil agus leasuithe a chur i bhfeidhm de réir mar a leantar leis an bheart

6.4.4. Deiseanna Traenála d'Oibrithe na Naíonraí sa LPT

Beart	Tuilleadh traenála a chur ar fáil d'oibrithe na naíonraí sa LPT
Réimsí an Bhirt	B (réamhscolaíocht)
Critéir PT	3, 7, 8, 9, 19
Aidhm an Bhirt	Ceardlanna agus laethanta inseirbhíse a chur ar fáil d'oibrithe na naíonraí sa LPT i gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus grúpaí tábhachtacha eile
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Bheadh deis ag na hoibrithe cluichí teanga nua & cleasanna eile a fhoghlaim a bheadh úsáideach do pháistí sna naíonraí Tabharfaidh na seisiúin seo deis d'oibrithe na naíonraí aithne níos fearr a chur ar a chéile agus caidreamh maith a chruthú le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus le páirtithe leasmhara eile fosta
Páirtithe Leasmhara	Comhar Naíonraí na Gaeltachta (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Stiúrthóirí & baill foirne na Naíonraí (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7
Costas Measta Iomlán	Glactar leis go gclúdóidh Comhar Naíonraí na Gaeltachta na costais seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	Comhar Naíonraí na Gaeltachta Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Na laethanta inseirbhíse seo a lorg & cinntiú go mbeidh pá iomlán ag dul do na hoibrithe
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Rachadh an tOifigeach Teanga i dteagmháil le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus le grúpaí leasmhara eile leis na socruithe a chur i bhfeidhm
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aiseolas a lorg ó oibrithe na naíonraí agus ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta maidir leis na seisiúin

6.4.5. Grúpaí “Tuismitheoirí & Tachráin” an LPT

Beart	Níos mó tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil i ngrúpaí “Tuismitheoirí & Tachráin” an LPT
Réimsí an Bhirt	B (Tacaíochtaí Teaghlaigh)
Critéir PT	7, 8, 9, 10, 12, 18
Aidhm an Bhirt	Na grúpaí “tuismitheoirí & tachráin” reatha sa LPT a Ghaelú an méid agus is féidir d'fhonn tuilleadh tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí an LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá grúpaí “T&T” ag feidhmiú sa LPT cheana. Seachas grúpaí nua a bhunú a rachadh in iomaíocht leo, feictear deis le tuilleadh Gaeilge a chur chun tosaigh sna grúpaí réamhbhunaithe Feictear deis a bheith ag comhoibriú le stiúrthóirí na ngrúpaí seo le féidearthachtaí agus le tacaíochtaí a chur ar fáil

	<ul style="list-style-type: none"> Sa chás nach bhfuil grúpa "T&T" i gceantar éigin de chuid an LPT, feictear deis lena mbunú agus bheadh saineolas na stiúrthóirí reatha tábhachtach sa phróiseas seo. Mar gheall ar sin, creidtear go bhfuil sé tábhachtach caidreamh maith a chrúthú leo
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtí) An tOifigeach Teanga (rannpháirtí) Grúpaí "T&T" an LPT (rannpháirtithe) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7
Costas Measta Iomlán	€18,000 ag brath ar éilimh na ngrúpaí "T&T" sa cheantar, agus ar riachtanais grúpa(i) "T&T" nua a thosú
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 2 – 7; 3 ionad faoi leith (Fánaid, Na Dúnaibh, An Tearmann) x 20 seachtain x €50 [pá áisitheora leis na cáilíochtaí cuí] = €3,000
Foinsí Maoinithe	Foinsí Maoinithe le fiosrú
Dúshláin	Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do ghrúpaí reatha seachas an Ghaeilge "a bhrú" orthu
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Caidreamh maith a chothú le grúpaí "T&T" an LPT agus freastal ar éilimh s'acu
Monatóireacht ar Fheidmiú an Bhirt	Teagmháil a choinneáil le stiúrthóirí na naíonraí sa LPT d'fhonn fáil amach an gceapann siad go bhfuil feabhas ag teacht ar scileanna Gaeilge na bpáistí ar dhul chun na naíonraí dóibh

6.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

6.5.1. Campaí Samhraidh Gaeilge LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Campaí samhraidh Gaeilge LPT Tuaisceart Dhún na nGall
Réimsí an Bhirt	C (Seirbhísí don Aos Óg)
Critéir PT	8, 10, 11, 12, 18
Aidhm an Bhirt	Campaí samhraidh Gaeilge a chur ar fáil go leanúnach in achan cheantar de chuid an LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> I láthair na huaire, tá campa samhraidh á reáchtáil ag Céim Aniar achan bhliain, agus bíonn campaí samhraidh in áiteanna eile ó am go ham ag brath ar oibrithe deonacha lena gcur ar siúl Moltar cúig cheantar faoi leith; Na Dúnaibh, Fánaid, An Tearmann, An Craoslach & Gleann Domhain Bheadh suíomhanna oiriúnacha de dhíth sna ceantracha ar fad
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Pleanála Teanga (príomhúinéir) Muintearas (rannpháirtithe) Céim Aniar CTR (rannpháirtithe) An tOifigeach Teanga (rannpháirtí) Páistí óga an cheantair (rannpháirtithe) CLG (rannpháirtithe) Cinnirí Clubanna Óige (rannpháirtithe) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) Eagraíochtaí / Coistí Pobail Áitiúla (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7
Costas Measta Iomlán	Glactar leis go gclúdódh Muintearas na costais seo
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	Muintearas Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh mórán deacrachtaí leis an bheart seo
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar fhreastal na gcampaí samhraidh agus aiseolas a lorg ó na rannpháirtithe

6.5.2. Clubanna Óige Gaeilge sa LPT

Beart	Clubanna óige Gaeilge a bhunú agus tacaíocht a thabhairt do chlubanna óige Gaeilge reatha
Réimsí an Bhirt	C (Seirbhísí don Aos Óg)
Critéir PT	8, 10, 11, 12, 18
Aidhm an Bhirt	Clubanna óige Gaeilge a bhunú a thabharfadh deis do pháistí an Ghaeilge a chleachtadh taobh amuigh de chomhthéacs an oideachais
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Ag tógáil ar mholtaí shuirbhéanna na n-óg, cuirfear tús le clubanna óige Gaeilge sa cheantar Bheadh deis ag páistí an LPT an Ghaeilge a chleachtadh i suíomh neamhfhoirmiúil agus creidtear go mbeidh tábhacht thar na bearta ag seo maidir le normalú na teanga i measc na n-óg Dalta Beart 5.4.1, moltar cúig cheantar faoi leith; Na Dúnaibh, Fánaid, An Tearmann, An Craoslach & Gleann Domhain.

	<ul style="list-style-type: none"> Bheadh gá fosta le hoibrithe a earcú agus traenáil a chur ar fáil dóibh maidir le riaradh chlubanna óige. Tá roinnt clubanna óige eile sa LPT atá á reáchtáil trí Bhéarla agus tá féidearthachtaí cuid de na clubanna sin a “Ghaelú” seachas clubanna nua a bhunú
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Pleanála Teanga (príomhúinéir) Muintearas (rannpháirtithe) Céim Aniar CTR (rannpháirtithe) Coistí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) Cinnirí Clubanna Óige (rannpháirtithe) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) Donegal Youth Service (rannpháirtithe) Ógras (rannpháirtithe) Páistí óga an cheantair (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7
Costas Measta Iomlán	€36,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 2 – 7; 5 ionad x 20 seisiún (10 san Fhómhar & 10 san Earrach) x €60[€40 (pá oibrithe) & €20 (cíos)] = €6,000
Foinsí Maoinithe	Muintearas Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Oibrithe a aimsiú le tabhairt faoi na clubanna a riaradh & traenáil a chur ar fáil dóibh
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Tábhacht na hoibre a léiriú dóibh agus buntáistí breise a chruthú do na hoibrithe
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar fhreastal na gclubanna óige agus aiseolas a lorg ó na rannpháirtithe

6.6. Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais

6.6.1. Ranganna Teanga don Mhórphobal

Beart	Ranganna teanga a chur ar fáil don mhórphobal
Réimsí an Bhirt	D (Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais)
Critéir PT	11, 19
Aidhm an Bhirt	Ranganna Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta an LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ag teacht leis na mianta a léiríodh i Suirbhé na dTithe, cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil do phobal fásta an LPT • Bíonn go leor ranganna éagsúla ar chumais éagsúla ar siúl i gceantracha éagsúla sa LPT, agus tabharfar tacaíocht dóibh siúd. Chomh maith le sin, cuirfear tús le ranganna comhrá Gaeilge ag teacht leis na mianta a léiríodh sa suirbhé • Creidtear gur chóir níos mó daoine a spreagadh le tabhairt faoi scrúduithe aitheanta, ar nós scrúduithe TEG, mar sprioc chun feabhais foghlama a dhéanamh agus le cáilíocht aitheanta a bhaint amach
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Múinteoirí Gaeilge (rannpháirtithe) Pobal an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€21,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	3 ionad – Fánaid, Na Dúnaibh, An Tearmann – x 20 seisiún (10 san Fhómhar & 10 san Earrach) x €50[€40 (pá múinteora) + €10 (costas cló)] = €3,000
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall
Dúshlán	Daoine a spreagadh le freastal ar na ranganna agus leanstan leis na leibhéal éagsúla Múinteoirí a aimsiú leis na cailíochtaí cuí leis na ranganna a theagasc
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Fógraíocht agus bolscaireacht leitheadach a dhéanamh ar na ranganna sna meáin thraidisiúnta agus nua. Daoine a ghríosadh le feabhas leanúnach a chur ar a gcuid Gaeilge. Fios a chur ar mhúinteoirí áitiúla agus ar dhaoine cáilithe eile leis na ranganna a ghlacadh. Tá liosta teagascóirí aitheanta Gaeilge ag Údarás na Gaeltachta agus d'fhéadfaí teacht ar an liosta sin
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar líon na ndaoine a thosaíonn ar ranganna agus a dhéanann scrúduithe ag deireadh na gcúrsaí. Aiseolas leanúnach a lorg ó na rannpháirtithe le cibé leasuithe is gá a dhéanamh ar na cúrsaí go rialta

6.7. An Earnáil Ghnó

6.7.1. Tacaíochtaí Aistriúcháin do Lucht Gnó

Beart	Tacaíochtaí aistriúcháin a chur ar fáil do lucht gnó
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó) & F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)
Critéir PT	3, 13
Aidhm an Bhirt	Seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do ghnóthaí & eagraíochtaí pobail an LPT d'fhonn go mbeidh níos mó Gaeilge le sonrú sna gnóthaí áitiúla
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tógáil ar chruinnithe le gnóthaí áitiúla, feictear le tuilleadh tacaíochtaí aistriúcháin a chur ar fáil d'fhonn comharthaíocht, biachláir & eile sna siopaí, caiféanna srl. a sholáthar i nGaeilge / go dátheangach • Cuirfear le feiceálacht na Gaeilge sa cheantar agus spreagfar níos mó turasóirí teanga • Cuireann Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge seirbhísí aistriúcháin ar fáil cheana agus tá gá le aird an phobail a dhíriú ar na seirbhísí céanna
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Gnóthaí an LPT (rannpháirtithe) Eagraíochtaí Pobail an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 6
Costas Measta Iomlán	€5,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 2 – 6; €1,000 (costas poiblíochta)
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta Foras na Gaeilge
Dúshláin	Gnóthaí a spreagadh leis na seirbhísí a úsáid
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Poiblíocht fhairsing a dhéanamh ar na seirbhísí trí bhileoga eolais a scaipeadh ar na gnóthaí lena mbaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar líon na ngnóthaí a bhíonn ag éileamh na seirbhísí aistriúcháin

6.7.2. Ciste Comharthaíochta LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Ciste Comharthaíochta LPT Tuaisceart Dhún na nGall a bhunú
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó) & F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)
Critéir PT	3, 13
Aidhm an Bhirt	Airgead a chur ar fáil do ghnóthaí & eagraíochtaí pobail an LPT comharthaíocht Ghaeilge / dhátheangach a chur in áit comharthaí Béarla amháin
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tógáil ar chruinnithe le gnóthaí áitiúla, feictear le ciste airgid a chur ar fáil do ghnóthaí, eagraíochtaí pobail agus seirbhísí eile le comharthaíocht Ghaeilge a chur in airde sa LPT • Léiríodh sna hagallaimh go bhfuil na páirtithe thuas fabhrach an Ghaeilge a chur chun tosaigh, ach feictear leis an chiste seo an brú airgid a bhaineann le comharthaíocht den tseort a chruthú a laghdú • Tá scéimeanna tacaíochta ag Údarás na Gaeilge agus ag Foras na Gaeilge i leith chomharthaíocht Ghaeilge chomh maith
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Gnóthaí an LPT (rannpháirtithe)

	Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2, 4, 6
Costas Measta Iomlán	€6,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 2, 4, 6; €2,000
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta Foras na Gaeilge
Dúshláin	Buairt na ngnóthaí maidir le hairgead a chaitheamh ar chomharthaíocht arbh ann dó cheana sa Bhéarla
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Caidreamh maith a chruthú le húinéirí gnó srl. agus bheith ar fáil le ceisteanna maidir le maoiniú a fhreagairt
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar líon na ngnóthaí a bhíonn ag tarraingt ar an chiste sa chéad bhabhta (bliain 2) agus feiceáil le sin a ardú sa dara babhta (bliain 4).

6.7.3. Tacaíochtaí eile Gaeilge do Ghnóthaí LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Tacaíochtaí Gaeilge a sholáthar do ghnóthaí an LPT
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó)
Critéir PT	3, 13, 14
Aidhm an Bhirt	Tacaíochtaí eile Gaeilge a chur ar fáil do ghnóthaí an LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tógáil ar chruinnithe le gnónna áitiúla, feictear le tuilleadh tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil • Reáchtálfar ceardlanna praiticiúla dhá uair sa bhliain le baill foirne na ngnóthaí chun frásaí simplí a bhaineann leis na comhthéacsanna gnó éagsúla, go háirithe na seirbhísí fáilteachais agus an turasóireacht chultúrtha • Chomh maith le sin, ullmhófar foclóir beag de fhrásaí úsáideacha agus scaipfear sin ar na gnóthaí ar fad • Cuirfear fáilte roimh ghnóthaí iarratais a chur ar aghaidh chuig an tOifigeach Teanga do fhrásaí, foclóir faoi leith a bhaineann leis an ghnó a aistriú • Rithfear na ceardlanna dhá uair sa chéad bhliain sna ceantreacha éagsúla agus ansin rithfear iad ag brath ar éilimh na ngnónna
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Gnóthaí an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7 (ag brath ar éileamh)
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an Oifigigh Teanga na costais seo
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Rannpháirtíocht na ngnóthaí a spreagadh
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Poiblíocht mhaith a dhéanamh ar na ceardlanna agus cinntiú gur seisiúin oscailte iad seachas ranganna teanga
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aiseolas a lorg ó rannpháirtithe maidir le héifeacht na gceardlann agus súil a choinneáil ar úsáid na Gaeilge i ngnóthaí an LPT

6.7.4. Eolaire Gnóthaí le Gaeilge LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Eolaire de na seirbhísí Gaeilge sa cheantar a ullmhú
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó)
Critéir PT	3, 13, 14
Aidhm an Bhirt	An Pobal agus Turasóirí Teanga a chur ar an eolas faoi na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil sa LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ullmhófar eolaire ag brath ar choinníollacha éagsúla, mar atá: <ul style="list-style-type: none"> - Seirbhísí Gaeilge a bheith ar fáil ó bhéal / i scríbhinn - An Ghaeilge in úsáid ar leathanaigh meán sóisialta an ghnó - An Ghaeilge le feiceáil sa siopa / gnó srl. • Cuirfear na gnóthaí ar eolairí reatha de sheirbhísí Gaeilge, ar nós <i>Peig.ie</i> chomh maith • Feictear anseo mar dheis poiblíochta do ghnóthaí níos mó trádála a tharraingt chucu féin
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Gnóthaí an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 (uasdátú achan bhliain i ndiaidh sin)
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an Oifigh Teanga na costais seo
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	Foinsí Maoinithe le fiosrú
Dúshlán	Cinntiú gur seirbhís leanúnach Gaeilge atá ar fáil sa ghnó
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Gnóthaí a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí Gaeilge atá ar fáil do ghnónna an cheantair (Mír a 6.6.1, Mír a 6.6.2, Mír a 6.6.3)
Monatóireacht ar Fheidmiú an Bhirt	Níos mó gnóthaí a chur leis an eolaire in imeacht ama

6.7.5. Buntáistí na Turasóireachta Teanga/Chultúrtha do ghnóthaí LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Seisiún eolais a réachtáil maidir le buntáistí na turasóireachta teanga/chultúrtha do ghnóthaí an LPT
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó)
Critéir PT	3, 13
Aidhm an Bhirt	Gnóthaí an LPT a chur ar an eolas faoi mhargadh na turasóireachta/chultúrtha teanga
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Fiosrófar le grúpaí leasmhara, ar nós Foras na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge srl. an mbeidh faill seisiún eolais a réachtáil sa LPT ar théama na turasóireachta teanga/chultúrtha do ghnóthaí • Caithfear an chaint agus na figiúirí a chur in iúl go dátheangach, agus deiseanna a thabhairt do úinéirí & baill foirne gnó ceisteanna a chur • D'fhéadfaí dhá sheisiún a réachtáil, ceann amháin sa Chraoibhin agus ceann eile i Halla Pobail Charraig Airt, mar shampla
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) Comhairle Contae Dhún na nGall (rannpháirtithe) Fáilte Ireland (rannpháirtithe) Foras na Gaeilge (rannpháirtí) Gaillimh le Gaeilge (rannpháirtí) Gnóthaí an LPT (rannpháirtithe)

Saolré an Bhirt	Bliain 4
Costas Measta Iomlán	€1,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	2 sheisiún x €500 (costas taistil aoichainteora)
Foinsí Maoinithe	
Dúshlán	Na seisiúin a eagrú agus úinéirí gnó a mhealladh chun cruinnithe
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Tábhacht an eolais do ghnóthaí an LPT a léiriú agus poiblíocht mhaith a dhéanamh ar na seisiúin
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar fhreastal na gcruinnithe agus an t-eolas ó na cainteoirí a bhailiú

6.8. Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn (lena n-áirítear seirbhísí eaglasta)

6.8.1. Nascanna le hEagraíochtaí Gaeilge sa Chontae agus sna Sé Chontae

Beart	Nascanna níos láidre a chruthú le heagraíochtaí Gaeilge lasmuigh den LPT
Réimsí an Bhirt	F (Eagraíochtaí Pobail)
Critéir PT	15
Aidhm an Bhirt	Nascanna a chruthú le heagraíochtaí Gaeilge ar nós Líonra Leitir Ceanainn & a leithéid d'fhonn tuilleadh imeachtaí & comhoibriú a bhunú
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá grúpaí Gaeilge ag feidhmiú i nDún na nGall agus sna Sé Chontae, agus feictear anseo le deis nascanna a chruthú idir eagraíochtaí Gaeilge & eile an LPT agus na grúpaí seo, d'fhonn níos mó imeachtaí & eile a chur ar siúl sa cheantar
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Eagraíochtaí an LPT, go háirithe eagraíochtaí Gaeilge (rannpháirtithe) Grúpaí Gaeilge ar nós Líonra Leitir Ceanainn agus Coiste Forbartha Charn Tochair (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€14,000 ag brath ar líon na n-imeachtaí
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€2,000 ag brath ar líon na n-imeachtaí
Foinsí Maoinithe	Comhairle Contae Dhún na nGall Údarás na Gaeltachta Ealaín na Gaeltachta
Dúshlán	Imeachtaí & eile a eagrú le grúpaí deonacha ar nós Líonra Leitir Ceanainn
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	D'fhéadfadh an tOifigeach Teanga a bheith ina (h)áisiitheoir agus é/í freagrach as teagmháil a dhéanamh le grúpaí & eagraíochtaí an LPT a choinneáil ar an eolas faoi dheiseanna nua srl.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aiseolas a lorg ó na páirtithe leasmhara agus taifead a choinneáil ar imeachtaí a réachtálfar

6.8.2. Seirbhísí Eaglasta Éagsúla sa LPT

Beart	Tacaíocht a thabhairt do na seirbhísí eaglasta éagsúla sa LPT tuilleadh Gaeilge a úsáid le linn seirbhísí eaglasta
Réimsí an Bhirt	F (Seirbhísí Eaglasta)
Critéir PT	3, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Cuidiú a thabhairt do bhaill na n-eaglaisí éagsúla sa LPT maidir le cúrsaí Gaeilge
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Déantar an t-aifreann á cheiliúradh i nGaeilge uair sa tseachtain i Ros Goill, agus uair sa mhí i bhFánaid san am i láthair. Feictear anseo go gcuirfead leis an méid sin amach anseo, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil d'eaglaisí eile sa LPT
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Sagairt an LPT (rannpháirtithe) Ionadaithe agus Ministéirí Eaglais na hÉireann (rannpháirtithe) Oifig Dheoise Ráth Bhoth (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann

Costas Measta in aghaidh na Bliana	Ní bhaineann
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh dúshláin mhóra le sárú
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar chomhfhreagras a bhaineann leis an bheart

6.8.3. Imeachtaí ar nós “Maidin Caife” agus “Ciorcal Comhrá”

Beart	Imeachtaí a réachtáil sna hionaid mhóra pobail sa LPT (An Craoibhin, Ionad Acmhainní Mhíobhaigh, Halla Fhán an Bhualtaigh srl.)
Réimsí an Bhirt	F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)
Critéir PT	3, 12, 15
Aidhm an Bhirt	Tuilleadh imeachtaí Gaeilge a chur ar fáil ins na hionaid mhóra don phobal sa cheantar
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Feictear anseo le níos mó imeachtaí Gaeilge a réachtáil ins na háiseanna pobail • Creidtear go gcuirfí le cleachtas teanga an phobail sa LPT ach an Ghaeilge a bheith níos lárnaí in imeachtaí na bhfoirgneamh mhóra pobail • Thitfeadh eagrú na n-imeachtaí faoin Oifigeach Teanga ar feadh tamaill bhig, ach d’fhéadfaí an obair eagrúcháin a fhágáil faoi bhaill foirne na n-ionad in achar gairid ama
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Ionaid pobail an LPT (Bainisteoirí/lucht riartha/úinéirí) Pobal an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – 7
Costas Measta Iomlán	€6,480
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Mar shampla, 9 maidin chaife x 2 suíomh x €20 (soláistí) + 18 ciorcal comhrá x 2 suíomh x €20 (soláistí) = €1,080
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta Bord Oideachais & Oiliúna Chontae Dhún na nGall Comhairle Contae Dhún na nGall
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh dúshláin mhóra le sárú
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aiseolas a lorg ó na páirtithe leasmhara a luadh thuas maidir le freastal & eile

6.8.4. Logainmneacha an LPT

Beart	Tuilleadh logainmneacha Gaeilge a chur in airde sa LPT & botúin litrithe sna comharthaí logainmneacha atá in airde cheana a réiteach
Réimsí an Bhirt	F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)
Critéir PT	3, 15
Aidhm an Bhirt	Leanstan le dea-obair na gcoistí áitiúla ag cur comharthaíocht Ghaeilge in airde sa LPT & aon bhotún ar chomharthaíocht Ghaeilge an LPT a cheartú
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tógáil ar obair na gcoistí áitiúla, ar nós Pleanáil Teanga an Tearmainn, feictear anseo le níos mó comharthaíocht Ghaeilge a chur in airde sa LPT • Cuirfear le feiceálacht na Gaeilge sa cheantar agus le feasacht an phobail maidir le fréamhacha na logainmneacha sa LPT • Chomh maith le sin, rachfar i dteagmháil le Comhairle Contae Dhún na nGall maidir le comharthaíocht lochtach a leasú
Páirtithe Leasmhara	Céim Aniar CTR (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Eagraíochtaí Pobail an LPT (rannpháirtithe) Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) Comhairle Contae Dhún na nGall (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3 – 7
Costas Measta Iomlán	€5,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,000
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta Comhairle Contae Dhún na nGall
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh dúshláin mhóra le sárú
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidmiú an Bhirt	Líon na gcomharthaí Gaeilge sa LPT a mhéadú ó thús an bhirt go deireadh an bhirt

6.8.5. Polasaí Gaeilge LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Polasaí Gaeilge a dhréachtú d'eagraíochtaí pobail an LPT
Réimsí an Bhirt	F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)
Critéir PT	3, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Polasaí Gaeilge simplí a dhréachtú a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil, comharthaíocht sna foirgnimh srl.
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Dréachtófar polasaí Gaeilge simplí d'eagraíochtaí pobail an LPT, agus iarrfar orthu cloí leis an mhéid agus is féidir • Bainfidh an polasaí Gaeilge le comharthaíocht na heagraíochta, seirbhísí Gaeilge a sholáthar, leathanaigh mheáin shóisialta na n-eagraíochtaí srl. • Cuirfear tacaíocht ar fáil do na heagraíochtaí Gaeilge ar mhian leo cloí leis an pholasaí Gaeilge. Tábhachtach gur rogha a bheas i gceist seachas brú a chur ar eagraíochtaí cloí le hiomlán an pholasaí • Dréachtófar an polasaí Gaeilge agus iarrfar aiseolas ó na heagraíochtaí sula gcríochnófar é
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir)

	Eagraíochtaí pobail & comharchumainn an LPT (rannpháirtithe) Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) Foras na Gaeilge (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Thiocfadh an costas faoi thuarastal an Oifigigh Teanga
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Ní bhaineann
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshlán	Eagraíochtaí pobail & comharchumainn a mhealladh le glacadh leis an pholasaí & cloí leis an pholasaí
Conas a Shárófar na Dúshlán sin	Caidreamh maith agus cumarsáid rialta a bheith idir an tOifigeach Teanga agus na heagraíochtaí pobail sa LPT agus eolas ábhartha a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobail
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar líon na n-eagraíochtaí a ghlacfaidh leis an pholasaí agus iarracht a dhéanamh an líon sin a mhéadú le linn saolré an Phlean Teanga

6.9. Na Meáin Chumarsáide

6.9.1. ÍomháLPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Íomhá LPT Tuaisceart Dhún na nGall a fhorbairt mar cheantar beo Gaeltachta
Réimsí an Bhirt	G (Na Meáin Chumarsáide) & na réimsí ar fad eile (ag brath ar chomhthéacs)
Critéir PT	3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19
Aidhm an Bhirt	Feasacht teanga an phobail a ardú agus cur le geilleagar áitiúil an LPT trí léiriú don phobal agus do thurasóirí gur ceantar beo bríomhar Gaeltachta é LPT Tuaisceart Dhún na nGall
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Leas a bhaint as na meáin chumarsáide sa cheantar & níos forleithne le bolscaireacht a dhéanamh ar chúrsaí Gaeilge sa LPT & saibhreas cultúrtha agus oidhreachta an LPT a chur chun cinn LPT Tuaisceart Dhún na nGall a chur chun tosaigh mar “bhranda” chun turasóirí & turasóirí teanga/cultúrtha go háirithe a mhealladh chun na háite Dualgas ar an Oifigeach Teanga scéalta a scaipeadh i measc na meáin chumarsáide go rialta maidir le cúrsaí Gaeilge sa LPT
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Raidió na Gaeltachta (rannpháirtithe) Highland Radio (rannpháirtithe) Nuachtáin na nEaglaisí (rannpháirtithe) Páipéir Áitiúla (rannpháirtithe) Meáin Chumarsáide eile (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Thitfeadh an costas faoi thuarastal an Oifigh Teanga
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Go mbeidh an t-eolas leanúnach agus go mbeidh an pobal áitiúil & turasóirí ar an eolas faoi imeachtaí nua & rialta sa LPT
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Cumarsáid rialta a choinneáil le heagarthóirí na bpáipéar, na staisiúin raidió srl. agus taifead a choinneáil ar imeachtaí sa cheantar agus ar na hardáin chumarsáide a bheith tábhachtach chun imeachtaí ar leith a fhógáirt
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinniú athbhreithnithe leis an Choiste Stiúrtha le deiseanna nua & fiúntas na bolscaireachta a mheas

6.9.2. Suíomh Idirlín LPT Tuaisceart Dhún na nGall

Beart	Suíomh Idirlín LPT Tuaisceart Dhún na nGall a fhorbairt
Réimsí an Bhirt	G (Na Meáin Chumarsáide) & na réimsí eile ar fad (ag brath ar chomhthéacs)
Critéir PT	3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19
Aidhm an Bhirt	Suíomh Idirlín a fhorbairt a bheadh mar ardán lárnach le heolas & himeachtaí Gaeilge a chur os comhair an phobail
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Eolas uile faoi imeachtaí & scéalta Gaeilge an LPT ar fáil in aon áit amháin Foilsíocháin an Oifigh Teanga agus Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (ar nós Plean Teanga, polasaithe teanga, taighde sa LPT maidir le húsáid Ghaeilge, eolas faoi scoileanna an LPT srl.) ar fáil in áit amháin

	<ul style="list-style-type: none"> • Nascanna a chur ar fáil d'imeachtaí uile an LPT agus d'imeachtaí Gaeilge eile an cheantair, chomh maith le nascanna a chruthú d'áiseanna & d'eagraíochtaí Gaeilge eile ar líne • Nascanna a chruthú le leathanaigh mheáin shóisialta an cheantair d'fhonn go scaipfear an t-eolas ar an suíomh níos forleithne agus níos gaiste • Bheadh saineolas ag teastáil maidir le forbairt an tsuímh, agus déanfar an saineolas a lorg ó eagraíochtaí ar nós Údarás na Gaeltachta agus LPT eile a bhfuil suíomh forbartha acu cheana
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Eagraíochtaí, Cumainn, Gnónna srl. an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€2,040
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 1; €800 leis an suíomh a fhorbairt & €180 (uasdátú) = €960 Bliain 2 – 7; €180
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Suíomh mealltach a fhorbairt & an t-eolas a chur leis go rialta agus go cruinn
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Maidir le forbairt an tsuímh, d'fhéadfadh an tOifigeach Teanga agus an Coiste Stiúrtha eolas a lorg ó na páirtithe a luadh thuas a bhfuil saineolas acu maidir le forbairt suíomhanna Maidir le leanúnachas an eolais, bheadh an fhreagracht ar an Oifigeach Teanga seo a chinntiú ach bheadh obair le heagraíochtaí eile an LPT tábhachtach sa réimse seo fosta
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinniú athbhreithnithe leis an Oifigeach Teanga, Céim Anair CTR, An Coiste Stiúrtha, Údarás na Gaeltachta agus páirtithe leasmhara eile maidir leis an suíomh

6.10. Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire

6.10.1. Ócáidí Sóisialta Gaeilge an LPT

Beart	Ócáidí sóisialta Gaeilge a eagrú agus a reáchtáil sa LPT go rialta
Réimsí an Bhirt	J (Caitheamh Aimsire)
Critéir PT	3, 10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Ócáidí sóisialta rialta a chur ar siúl, a thabharfadh deis do phobal an LPT idir óg agus aosta an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil agus go sóisialta
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá ócáidí sóisialta ar siúl i gceantracha faoi leith de chuid an LPT san am i láthair, agus moltar go gcuirfear le líon na n-ócáidí sin sna ceantracha ina bhfuil siad, chomh maith le hócáidí sóisialta nua a eagrú sna ceantracha nach ann dóibh Feictear le himeachtaí ar nós oícheanta amhránaíochta, céilithe, drámaíochta srl. a chur ar siúl le ceoltóirí agus le drámadóirí áitiúla srl Feictear go n-oibreodh an tOifigeach Teanga i gcomhpháirt le grúpaí Gaeilge reatha an LPT, ar nós Céim Aniar, Gaeltacht Bheo Fhánada, Pleanáil Teanga an Tearmainn, Coiste Gaelach Ghleann Domhain le himeachtaí a eagrú agus le poiblíocht a dhéanamh ar na himeachtaí
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Céim Aniar CTR (rannpháirtithe) Ealaín na Gaeltachta (rannpháirtithe) Gaeltacht Bheo Fhánada (rannpháirtithe) Pleanáil Teanga an Tearmainn (rannpháirtithe) Coiste Gaelach Ghleann Domhain (rannpháirtithe) Grúpaí eile sa LPT (rannpháirtithe) Meitheal Mhíobhaí CTR (rannpháirtithe) Comhaltas Ceoltóirí Éireann (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€75,600
Costas Measta in aghaidh na Bliana	6 cheantar x 12 imeacht x €150 (fógraíocht & íocaíocht do cheoltóirí, srl.) = €10,800
Foinsí Maoinithe	Ealaín na Gaeltachta Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Suíomhanna fóirsteanacha a aimsiú le hócáidí a chur ar siúl sna ceantracha éagsúla
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	D'fhéadfaí hallaí pobail, tithe tábhairne srl. lasmuigh de theorainneacha an LPT féin a úsáid le cuid de na hócáidí a óstáil
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinniú athbhreithnithe leis an Choiste Stiúrtha agus aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara thuas le tuairimí a bhailiú agus le leasuithe beaga a dhéanamh más gá

6.10.2. Cumainn Lúthchleas Gael an LPT

Feictear sa bheart seo le níos mó Gaeilge a chur chun tosaigh sna Cumainn Lúthchleas Gael sa LPT. Ag brath ar ráth an bhirt, d'fhéadfaí moltaí an bhirt a leathnú agus a scaipeadh ar chumainn spóirt eile an LPT, ar nós clubanna sacair an LPT.

Beart	An Ghaeilge a chur chun tosaigh i gCLG an LPT
Réimsí an Bhirt	J (Caitheamh Aimsire)
Critéir PT	6, 8, 10, 11, 12,
Aidhm an Bhirt	An Ghaeilge a chur chun tosaigh i gCumainn Lúthchleas Gael An Tearmann, Gaeil Fhánada, Na Dúnaibh, Naomh Mícheál
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Feictear leis an Ghaeilge a chur chun sna Cumainn Lúthchleas Gael éagsúla sa LPT • Scríobh chuig na CLGanna le réamhobair an Phlean Teanga a chur ar a súile ,agus moladh dóibh an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcumainn sna réimsí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - Traenáil na bpáistí óga sna cumainn - Bheith cinnte go bhfuil comharthaíocht Ghaeilge in airde timpeall fhoirgnimh na gclubanna, ar na geataí, sna seomraí feistis srl. - An Ghaeilge a bheith le feiceáil i leathanaigh mheáin shóisialta na gclubanna i miontuairiscí, i bhfógraíocht agus mar aon le haon mheán eile bolscaireachta • Bheadh an tOifigeach Teanga ar fáil le comhairle a chur ar na CLGanna, le cuidiú a thabhairt dóibh agus le tacaíocht ar bith eile ar féidir a chur ar fáil dóibh
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Oifigigh Ghaeilge Cumainn Lúthchleas Gael an LPT – Gaeil Fhánada, Na Dúnaibh, An Tearmann, Naomh Mícheál (rannpháirtithe) Oifigigh Ghaeilge CLG ag leibhéal náisiúnta
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Tiocfaidh na costais seo faoi thuarastal an Oifigigh Teanga
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Féach thuas
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Rannpháirtíocht na gCLGanna a chothú agus a neartú le linn saolré an phróisis
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Caidreamh trédhearcach a chothú idir an tOifigeach Teanga agus na CLGanna agus a bheith ar fáil le ceisteanna nó moltaí srl. a phlé
Monatóireacht ar Fheidhmíú an Bhirt	Cruinniú athbhreithnithe leis an Choiste Stiúrtha agus taifead a choinneáil ar aon chomhfhreagras leis na Cumainn Lúthchleas Gael

6.10.3. Soláthróirí Caithimh Aimsire an LPT

Beart	An Ghaeilge a chur chun tosaigh sna soláthróirí caithimh aimsire sa LPT, go háirithe iad siúd atá ag freastal ar thurasóirí
Réimsí an Bhirt	J (Caitheamh Aimsire)
Critéir PT	3, 12, 13, 14
Aidhm an Bhirt	Feiceálacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú sna gnóthaí srl. a dhíríonn ar chaithimh aimsire

Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Feictear leis an Ghaeilge a chur chun cinn i measc soláthróirí caitimh aimsire sa LPT • Tá ceantacha sa LPT atá ag díriú go láidir ar an turasóireacht i gcaitheamh an tsamhraidh, ina bhfuil réimse leathan caitheamh aimsire ar fáil do thurasóirí agus do phobal an LPT. Feictear leis an Ghaeilge a chur chun tosaigh sna gnóthaí srl. sin ar dhóigheanna simplí, saora a chinnteodh go gcuirfear le feiceálacht & le húsáid na Gaeilge sa LPT trí chéile • D'fhéadfaí na féidearthachtaí seo a fhiosrú trí dhul i dteagmháil leis na soláthróirí sa LPT agus na seirbhísí Gaeilge a luadh do ghnóthaí sa phlean seo a chur ar a súile, chomh maith le tuairimí eile na n-úinéirí agus an Oifigigh Teanga a phlé go hoscailte
Páirtithe Leasmhara	An tOifigeach Teanga (príomhúinéir) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe) Soláthróirí Caitimh Aimsire an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	€1,400
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€200 (costas poiblíochta, stocaireachta don Oifigeach Teanga)
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta Foras na Gaeilge
Dúshláin	Buntáistí na Gaeilge a chur ar a súile d'úinéirí na n-áiteanna a luadh thuas
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Féach 5.6.5 thuas
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar aon chomhfhreagras maidir leis an bheart seo

6.11. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

6.11.1. Naíonra Ghleann Domhain

Beart	Tacaíocht a thabhairt do bhunú & tógáil foirgneamh Naíonra Ghleann Domhain
Réimsí an Bhirt	I (Forbairt Fhisiciúil)
Critéir PT	3, 7, 9, 17
Aidhm an Bhirt	Tacaíocht a thabhairt do bhunú & tógáil foirgneamh Naíonra Ghleann Domhain
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá Coiste Gaelach Ghleann Domhain le moladh go hard as an togra a chur ar siúl agus airgead a aimsiú ón rialtas. Beidh Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall ar fáil le tacaíocht ar bith atá de dhíth a chur ar fáil don choiste.
Páirtithe Leasmhara	Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (príomhúinéir) Coiste Gaelach Ghleann Domhain (rannpháirtithe) Scoil Náisiúnta an tSrátha Mhóir (rannpháirtithe) Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) Tuismitheoirí an LPT
Saolré an Bhirt	Bliain 1
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Ní bhaineann
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Ní bhaineann
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Ní gá monatóireacht a dhéanamh ar an bheart seo

6.11.2. Suíomh buan do Chéim Aniar

Beart	Suíomh buan a aimsiú do Chéim Aniar
Réimsí an Bhirt	I (Forbairt Fhisiciúil)
Critéir PT	3, 15, 17
Aidhm an Bhirt	Oifig nó a leithéid a aimsiú do Chéim Aniar
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Faoi láthair tá Céim Aniar lonnaithe in Ionad Acmhainní Mhíobhaigh. Feictear anseo le féidearthachtaí maidir le spás oibre nua a aimsiú don eagraíocht
Páirtithe Leasmhara	Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (príomhúinéir) Céim Aniar (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Ní bhaineann
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Ní bhaineann
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Ní gá monatóireacht a dhéanamh ar an bheart seo

6.11.3. Foirgnimh fholmha Údarás na Gaeltachta sa LPT

Beart	Foirgnimh fholmha Údarás na Gaeltachta sa LPT a líonadh
Réimsí an Bhirt	I (Pleanáil)
Critéir PT	13, 17
Aidhm an Bhirt	Tionscnaimh, gnóthaí úra a mhealladh chuig foirgnimh Údarás na Gaeltachta sa LPT
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tá cúpla foirgneamh folamh de chuid Údarás na Gaeltachta sa LPT faoi láthair. Feictear anseo le féidearthachtaí a fhiosrú maidir leis na foirgnimh sin a líonadh le tionscnaimh / gnóthaí úra, a chuirfeadh leis an gheilleagar áitiúil agus le bród an phobail sa LPT aron
Páirtithe Leasmhara	Údarás na Gaeltachta (príomhúinéir) Céim Aniar CTR (rannpháirtithe) Coiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1 – 7
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Ní bhaineann
Foinsí Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Ní bhaineann
Conas a Shárófar na Dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cruinnithe athbhreithnithe le baill Údarás na Gaeltachta

Mír a 7– Costais agus Maoiniú

7.1. Suimiú na gCostas

Cé go dtugtar achan eolas mar gheall ar na mionchostais a bhaineann le achan bheart i Mír a 6, tugtar ar an chéad leathanach eile léargas ar na costais.

Anuas ar chostas na mbeart iad féin, beidh costais fostaíochta agus costais oifige le cur san áireamh chomh maith le síolchiste an Oifigigh Teanga fosta. Is gá an struchtúr ceart a bhuanú ar mhaithe le bearta an Phlean Teanga seo a chur i bhfeidhm go córasach leanúnach.

Is gá a shoiléiriú fosta, nach bhfuil achan chostas a bhainfidh le cur i bhfeidhm bhearta an Phlean Teanga san áireamh anseo. Beidh tuilleadh staidéir agus fiosrúcháin de dhith ar go leor beart. Feictear don Choiste Stiúrtha gur gá a bheith iomlán ionraic faoin méid seo. Beidh go leor beart de chuid an Phlean Teanga seo ag brath ar chúinsí seachtracha agus ar fhoinsí maoinithe seachtracha, agus ní féidir bheith iomlán cinnte faoi fháil leanúnach an airgid sin ó thús go deireadh an Phlean Teanga seo. Níl sé de chumas ag Céim Aniar CTR agus ag an Choiste Stiúrtha na cúinsí seo a thuar ag an phointe seo.

Mar gheall ar seo, cuimseofar anseo na bearta a thiteann faoi scáth Chéim Aniar CTR agus Choiste Stiúrtha LPT Tuaisceart Dhún na nGall agus faoin Oifigeach Teanga agus déanfar trácht má bhíonn tionchar ag oifig / rannóg eile ar na costais éagsúla.

7.2. Spás Forbartha sa Phlean Teanga i dtaobh Airgid, Foinsí Maoinithe srl.

Tuigtear do Chéim Aniar CTR agus don Choiste Stiúrtha go dtig le féidearthachtaí airgid eile, .i. foinsí maoinithe nua, scéimeanna rialtais nó scéimeanna áitiúla nua, srl., thig leis na rudaí seo a theacht chun cinn le linn fheidhmiú an Phlean Teanga seo. Beidh freagrachtaí eile ar an Choiste Stiúrtha agus ar an Oifigeach Teanga iad féin a choinneáil ar an eolas faoi dheiseanna eile maoinithe agus na deiseanna sin a thapú de réir mar a thagann siad chun solais. Cuirfear iomlán an bhuiséid a cheadaítear agus aon fhoinsí maoinithe eile i dtreo chúrsaí Gaeilge sa LPT, agus i dtreo fheidhmiú na mbeart sa Phlean Teanga chomh maith le feidhmiú athruithe ar bith a thiocthadh ar na bearta nó ar an Phlean Teanga seo i gcaitheamh shaolré an Phlean Teanga.

	Bliain a 1	Bliain a 2	Bliain a 3	Bliain a 4	Bliain a 5	Bliain a 6	Bliain a 7
Costas Fostaíochta							
Tuarastal & Costas na Fostaíochta	€47,175	€49,950	€52,725	€55,500	€55,500	€55,500	€55,500
Earcaíocht	€2,000						
Costais Taistil	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000
Costas Oifige agus Síolchiste							
Cíos ²	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000
Leictreachas / Fón / Idirlín / Teas ³	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000
Stáiseanáireacht / Costas Clódóireachta	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500
Trealamh / Fearais Oifige	€4,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000
Árachas ⁴	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000
Costas na mBeart							
6.2 Struchtúr Feidhmithe an PT	€4,000	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500
6.3 An Córas Oideachais	€12,200	€16,900	€16,900	€16,900	€16,900	€16,900	€16,900
6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochtaí Teaghlaigh	€900	€4,050	€4,050	€4,050	€4,050	€4,050	€4,050
6.5 Seirbhísí don Aos Óg & d'Aoisghrúpaí Eile	€0	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000	€6,000
6.6 Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000
6.7 An Earnáil Ghnó	€0	€3,000	€1,000	€4,000	€1,000	€3,000	€0
6.8 Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn (lena n-áirítear seirbhísí eaglasta)	€2,000	€3,080	€4,080	€4,080	€4,080	€4,080	€4,080
6.9 Na Meáin Chumarsáide	€960	€180	€180	€180	€180	€180	€180
6.10 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire	€11,000	€11,000	€11,000	€11,000	€11,000	€11,000	€11,000
6.11 Pleanáil & Forbairt Fhisiciúil	€0	€0	€0	€0	€0	€0	€0
IOMLÁN	€109,735	€122,160	€123,935	€129,710	€126,710	€128,710	€125,710

² Meastachán bunaithe ar Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

³ Meastachán bunaithe ar Scéim Pobail Gaeilge

⁴ Meastachán bunaithe ar Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

7.3. English Summary of Mír a 7 – Costings and Funding

This chapter outlines the approach used in estimating costs for all measures/actions in the Language Plan. Also outlined is the acceptance by Céim Aniar CTR and the Steering Committee that funding streams are subject to change, and other opportunities for funding are expected to come to the fore throughout the duration of this plan. An overall outline of all estimated costs for all aspects of the implementation of the language plan for each year of the seven year plan are outlined, along with a total estimated cost for each year starting from the appointment of the Language Officer

Mír a 8 – Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

8.1. Tábhacht na Feasachta / na Poiblíochta

Leagadh síos i Mír a 6 na bearta teanga a chuirfear i bhfeidhm i Limistéar Pleanála Teanga Tuaisceart Dhún na nGall ar mhaithe le cúrsaí Gaeilge sa LPT a fheabhsú agus a neartú, chomh maith leis na ceantracha taobh istigh den LPT a bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú mhór a ghríosadh agus a spreagadh d'fhonn an Ghaeilge a chur i mbéal an phobail athuair. Má ghlactar leis na mianta a léiríodh le linn an phróisis taighde, glactar leis gur féidir an Ghaeilge a chothú sa LPT trí chéile, trí bhéim a chur ar chúrsaí oideachais, tacaíochtaí teaghlaigh, cúrsaí gnó sa cheantar, cúrsaí caithimh aimsire sa cheantar srl. Caithfear leas a bhaint as an mheon dhearfach atá ag formhór phobal an LPT i dtaobh na Gaeilge, agus an meon sin a athrú go tuiscint chomhfhiosach agus cleachtas gníomhach de réir a chéile. Thar aon ní eile, caithfear an Ghaeilge a spreagadh mar theanga nádúrtha an tí sna teaghlaigh óga a bhfuil ag cur fúthu sa LPT má tá toradh fiúntach le teacht as an Phlean Teanga seo, agus as an phróiseas ar fad a bhaineann leis. Creidtear, mar sin, go bhfuil gá le poiblíocht leanúnach ar obair an Choiste Stiúrtha agus an Oifigigh Teanga, d'fhonn aird an phobail a dhíriú ar cheisteanna teanga agus na freagrachtaí a bhfuil acu maidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn ina mbealaí éagsúla sa LPT.

8.2. Poiblíocht

Bainfear úsáid as na rudaí seo a leanas, chomh maith le modhanna éagsúla poiblíochta a aontófar idir Céim Aniar CTR, an Coiste Stiúrtha agus an tOifigeach Teanga in imeachta ama:

- Cur síos simplí gairid ar an Phlean Teanga féin a chur ar fáil i bhfoirm bileoige go dátheangach a bheidh sothuigthe
